

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 662/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear nós imeachta maidir le comhaontuithe idir Ballstáit agus tríú tíortha a chaibidil agus a thabhairt i gcrích ar ábhair áirithe a bhaineann leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha agus neamhchonarthacha 25
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear clár chun cabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch trí chúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú ar thionscadail i réimse an fhuinnimh 31

Ceartúchán

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/416/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Eagrán Speisialta Gaeilge) 46

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

I

(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (CE) Uimh. 661/2009 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE
an 13 Iúil 2009

maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfeithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhphárteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Cuimsíonn an margadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina ndéantar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú. Chuige sin, is ann do chóras cuimsitheach Comhphobail chun mótarfeithiclí a chineál-cheadú, ar córas é a bunaíodh le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfeithiclí agus a leantóirí, mar aon le córais, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin, a cheadú (Treoir Réime) ⁽³⁾.
- (2) Is rialachán ar leithligh é an Rialachán seo chun críocha nós imeachta cineál-cheadaithe an Chomhphobail dá bhforáiltear le Treoir 2007/46/CE. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní IV, VI, XI agus XV a ghabhann leis an Treoir sin a leasú dá réir.

(3) Tá an Rialachán seo gan dochar don nós imeachta um chineál-cheadú aon-chéime feithiclí agus um chineál-cheadú measccha feithiclí a leagtar amach in Airteagal 6 de Threoir 2007/46/CE.

(4) Ionas nach mbeidh ceanglais éagsúla ann ó Bhallstát go Ballstát, agus chun ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre agus ardleibhéal cosanta don chomhshaol a áirithiú ar fud an Chomhphobail, tá comhchuibhiú déanta, ar leibhéal an Chomhphobail, ar na ceanglais theicniúla a bhaineann le mótarfeithiclí a chineál-cheadú maidir leis an iomad eilimintí sábháilteachta agus comhshaoil.

(5) Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm leis an Rialachán seo freisin iomaíochas thionscal na ngluaisteán sa Chomhphobal a fheabhsú agus ag an am céanna a chur ar chumas na mBallstát faireachas éifeachtach margaidh a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglais mhionsonraithe cineál-cheadaithe an Rialacháin seo maidir leis na táirgí lena mbaineann a chur ar an margadh.

(6) Is iomchuí go leagfar amach ceanglais a bhaineann le sábháilteacht ginearálta mótarfeithiclí agus feidhmíocht chomhshaoil na mbonn, toisc go bhfuil córais faireacháin bhrú na mbonn ar fáil ar córais iad lena bhfeabhsaítear sábháilteacht bonn agus feidhmíocht chomhshaoil na mbonn ag an am céanna.

(7) Tar éis iarraidh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, táthar tar éis cur chuige nua rialála a chur i bhfeidhm i leith reachtaíocht an Chomhphobail maidir le feithiclí. Dá bhrí sin, is iad na forálacha bunúsacha a bhaineann le sábháilteacht feithiclí agus le hastaíochtaí CO₂ agus torainn ó bhoinn, agus na forálacha sin amháin, ba cheart a leagan síos leis an Rialachán seo agus, os a choinne sin, ba cheart na sonraíochtaí teicniúla a leagan síos le bearta cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmíú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ Tuairim an 14 Eanáir 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 22 Meitheamh 2009.

⁽³⁾ IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

- (8) Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún na nósanna imeachta sonracha, na tástálacha sonracha agus na ceanglais shonracha a bhunú chun mótarfeithiclí, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a chineál-cheadú; sainiú níos beachte a dhéanamh ar na saintréithe nach mór a bheith ag bonn chun go bhféadfar é a shainiú mar 'bonn úsáide speisialta', 'bonn gairmiúil eisbhóthair', 'bonn treisithe', 'bonn breisualaigh', 'bonn sneachta', 'bonn spártha úsáide sealadaí T-chineáil' nó 'bonn tarraingthe'; ceanglais shonracha sábháilteachta a leagan amach i gcomhair feithiclí a bheartaítear chun earraí contúirteacha a iompar de bhóthar laistigh de na Ballstáit nó idir na Ballstáit; feithiclí áirithe nó aicmí áirithe feithiclí de chuid chatagóirí M₂, M₃, N₂ agus N₃ a dhíolmhú ón oibleagáid ardchórais coscánaithe éigeandála agus/nó córais rabhaidh imeacht ó lána a shuiteáil; na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta agus torann rollta i gcomhair bonn a leasú de thoradh athruithe i nósanna imeachta tástála, gan an leibhéal cosanta comhshaoil a íslú; rialacha a bhunú maidir leis an nós imeachta chun an leibhéal torainn ó bhoinn a chinneadh; giorrú a dhéanamh ar an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar boinn nach gcomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo agus i mbearta cur chun feidhme an Rialachán seo a dhíol; agus Iarscríbhinn IV a leasú chun go n-áireofar Rialacháin Choimisiúin Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (Rialacháin UNECE) inti, ar rialacháin iad atá éigeantach faoi Chinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontódh an Chomhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiúin Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantais fhrithpháirtigh i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin⁽¹⁾. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.
- (9) De bhreis ar thionscnamh leanúnach an Choimisiúin a bhfuil d'aidhm aige córas grádaithe bóithre a shainiú, ba cheart don Choimisiún, laistigh de 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialachán seo, togra a thabhairt chun cinn maidir le bóithre an AE a aicmiú de réir an torainn a ghintear, rud a bheidh mar chomhlánú le mapáil torainn i gcúrsaí iompair mótarfeithiclé d'fhonn tosáíochtaí iomchuí agus ceanglais dromchla bóthair a shocrú agus d'fhonn teorainneacha uasta ginte torainn ar bhóithre a leagan síos.
- (10) Mar gheall ar dhul chun cinn teicniúil i réimse na n-ardchórais sábháilteachta feithiclé cuirtear féidearthachtaí nua ar fáil chun líon na dtaismeach a laghdú. Chun líon na dtaismeach a íoslaghdú, is gá roinnt de na teicneolaíochtaí ábhartha nua a thabhairt isteach.
- (11) Tá úsáid éigeantach chomhréireach teicneolaíochtaí monaraithe bonn, den chineál is nua-aimseartha, agus bonn ísealfhriotaíochta rollta riachtanach, chun laghdú a dhéanamh ar an gcion d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa a thagann ó thrácht ar bhóithre san earnáil iompair agus, ag an am céanna, chun nuáil, fostaíocht agus iomaíochas thionscal gluaisteán an Chomhphobail a chur chun cinn.
- (12) Chun reachtaíocht an chineál-cheadaithe a shimpliú i gcomhréir leis na moltaí atá i dtuarascáil chríochnaitheach Ghrúpa Ardleibhéil CARS 21, is iomchuí roinnt Treoracha a aisghairm gan an leibhéal cosanta d'úsáideoirí bóthair a laghdú. Ba cheart go ndéanfaí na ceanglais a leagtar amach sna Treoracha sin a thabhairt ar aghaidh chuig an Rialachán seo agus ba cheart tagairtí do Rialacháin chomhfhreagracha UNECE, faoi mar atá siad inchorpraithe i ndlí an Chomhphobail i gcomhréir le Cinneadh 97/836/CE, a chur ina n-ionad, nuair is iomchuí sin. Chun ualach riaracháin an phróisis cineál-cheadaithe a laghdú, is iomchuí cead a thabhairt do mhonaróirí feithiclé cineál-cheadú a fháil chun críocha an Rialachán seo, más iomchuí, trí cheadú a fháil i gcomhréir leis an Rialachán ábhartha UNECE mar atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (13) Is iomchuí go ndearfaí, go dtógfaí agus go gcóimeálfaí feithiclí ar shlí ina n-íoslaghdófar an baol go dtarlódh díobháil do dhaoine atá iontu agus d'úsáideoirí eile bóthair. Chun na críche sin, is gá go n-áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfaidh feithiclí na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i mbearta cur chun feidhme an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh ceanglais i ndáil le sláine struchtúr na feithiclé, le córais a chuideodh le smacht an tiománaí ar an bhfeithicil, le córais a sholáthródh infheictheacht agus faisnéis don tiománaí faoi staid na feithiclé agus faoin spás a thimpeallaíonn í, le córais soilsithe feithiclé, le córais cosanta do dhaoine atá i bhfeithicil, leis an taobh amuigh den fheithicil agus le gabháil de chuid feithiclé, le maiseanna agus toisí na feithiclé, le boinn na feithiclé agus le hardchórais feithiclé agus le nithe éagsúla eile san áireamh sna forálacha sin, ach gan a bheith teoranta do na ceanglais sin. De bhreis air sin, is gá go gcomhlíonfaidh feithiclí forálacha sonracha a bhaineann le feithiclí áirithe earraí agus a leantóirí, nó forálacha sonracha a bhaineann le busanna, de réir mar a bheidh.
- (14) Maidir leis an gclár ama chun na ceanglais nua shonracha a thabhairt isteach i gcomhair feithiclé a chineál-cheadú, ba cheart go gcuirfí féidearthacht theicniúil na gceanglas sin san áireamh. I gcoitinne, níor cheart go mbeadh feidhm ag na ceanglais i dtosach ach amháin maidir le cineálacha nua feithiclé. I gcás cineálacha feithiclé atá ann cheana, ba cheart go gceadófaí tréimhse bhreise ama ina leith chun na ceanglais a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ba cheart nach mbeadh feidhm ag suiteáil éigeantach chórais faireacháin bhrú na mbonn ach amháin maidir le gluaisteáin paisinéirí i dtús báire. Ba cheart nach mbeadh feidhm ag suiteáil éigeantach ardghnéithe sábháilteachta eile ach amháin maidir le tromfheithiclé earraí i dtosach.
- (15) Ba cheart don Choimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch ardghnéithe sábháilteachta eile, agus ar aibíocht an mhargaidh ina leith sin, agus tuarascáil a thíolacadh faoin 1 Nollaig 2012, agus gach trí bliana dá éis sin, ar tuarascáil í ina n-áireofar, más iomchuí, tograí chun leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo.

⁽¹⁾ IO L 346, 17.12.1997, lch. 78.

- (16) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir suiteáil éigeantach chórais faireacháin bhrú na mbonn, na gcóras rabhaidh imeacht ó lána agus na n-ardchóras coscánaithe éigeandála a leathnú chuig catagóirí eile feithiclí agus, más iomchuí, togra a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú.
- (17) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir na ceanglais maidir le fliuchghreim do bhoinn a neartú agus, más iomchuí, togra a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú. Ba cheart do na Ballstáit faireachas éifeachtach ar an margadh a áirithiú.
- (18) Ní féidir an lánacmhainn a ghabhann le méadú na sábháilteachta, le laghdú astaíochtaí CO₂ agus le híslíú torainn ó thrácht a bhaint amach ach amháin i dteannta le scéim lipéadaithe a bheidh dírithe ar na tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi fheidhmíocht na mbonn.
- (19) Is iomchuí go gcuirfear chun feidhme na bearta a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2007 dar teideal 'Torthaí an athbhreithnithe ar Stráitéis an Chomhphobail chun astaíochtaí CO₂ ó ghluaisteáin phaisinéirí agus ó fheithiclí éadroma tráchtála a laghdú' lena ndírítear ar astaíochtaí CO₂ ó bhoinn a laghdú. Ba cheart an laghdú sin a bhaint amach trí bhoinn ísealfhriotaíochta rollta agus trí chórais faireacháin bhrú na mbonn a úsáid in éineacht lena chéile. Ag an am céanna, is iomchuí freisin go leagfar amach ceanglais lena ndírítear ar thorann bóthair na mbonn a laghdú mar aon le ceanglais fhliuchghreama a áirithiú go gcoimeádtar leibhéal sábháilteachta na mbonn. Ba cheart go ndéanfaí méid an dúshláin a ghabhann le comhlíonadh na gceanglas sin go léir a léiriú sa chlár ama gaolmhar maidir le cur chun feidhme. Go háirithe, mar gheall ar an dúshlán a ghabhann le comhlíonadh na gceanglas maidir le torann rollta, agus an méid ama a bheidh ag teastáil ón tionscal chun na sraitheanna bonn atá ann cheana a ionadú á chur san áireamh, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse níos faide chun na ceanglais a bhaineann le torann rollta a chur chun feidhme i ndáil le boinn nua de chineálacha atá ann cheana.
- (20) Is dóigh nach dtáirgfear ach cainníochtaí an-bheag de chatagóirí áirithe bonn, lena n-áirítear boinn ghairmiúla eisbhóthair a bhíonn faoi réir sriain luais agus boinn a bheartaítear a úsáid ar fheithiclí a cláraíodh roimh 1990 amháin. Dá bhrí sin, is iomchuí na catagóirí bonn sin a dhíolmhú ó cheanglais áirithe a leagtar amach sa Rialachán seo agus i mbearta cur chun feidhme an Rialacháin seo, i gcás ina bhfuil na ceanglais sin ar neamhréir le húsáid na mbonn, nó i gcás ina mbeadh an t-ualach breise a d'fhorchuirfí leis na ceanglais sin díréireach.
- (21) Maidir le boinn atráchtaithe, ba cheart don Choimisiún measúnú cuí a dhéanamh ar an earnáil sin, agus na geallsealbhoirí go léir páirteach ann, agus a mheas an bhfuil aon ghá leis an gcreat rialála a oiriúnú.
- (22) Is iomchuí lamháltais a bhunú maidir le cuid de na luachanna teorainneacha le haghaidh friotaíochta rollta nó torainn rollta i gcás catagóirí sonracha áirithe bonn chun a ndearadh agus a sainréithe feidhmíochta a chur san áireamh. Is iomchuí, go háirithe, lamháltais den sórt sin a bhunú i gcomhair bonn atá ceaptha chun tarraingt fheabhsaithe agus feidhmíocht fheabhsaithe coscánaithe a bheith acu i gcás diandálaí sneachta.
- (23) Baintear úsáid as boinn úsáide speisialta ar fheithiclí a théann isteach ar láithreáin tógála, lománaíochta agus mianadóireachta agus, dá bhrí sin, tá siad ceaptha go príomha chun feidhmíocht eisbhóthair níos fearr a thabhairt ná boinn atá beartaithe lena n-úsáid ar an mbóthar amháin. Chun an fheidhmíocht sin a bhaint amach, tá siad déanta as ábhair a chumasaíonn dóibh seasamh níos fearr in aghaidh damáiste ná mar is amhlaidh i gcás gnáthbhonn, agus tá pátrún blocthrácha acu. De bhrí go gcuireann an dá ghné riachtanacha deartha sin faoi deara go ngineann boinn úsáide speisialta níos mó torainn ná mar a ghineann gnáthbhoinn, ba cheart a cheadú, i gcás bonn úsáide speisialta, go n-astófar níos mó torainn ó na boinn sin ná mar a astaítear ó ghnáthbhoinn.
- (24) Is féidir le córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta, ardchórais coscánaithe éigeandála agus córais rabhaidh imeacht ó lána líon na dtaismeach a laghdú go mór. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún ceanglais le haghaidh córas den sórt sin a bhunú ar comhréir le Rialacháin UNECE do na catagóirí feithicle sin arb iomchuí iad a chur i bhfeidhm ina leith agus a bhfuil sé léirithe ina leith go bhfeabhsóidh siad an leibhéal foriomlán sábháilteachta. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le haga tionscanta leordhóthanach go dtí go ndéanfar na ceanglais sin a chur chun feidhme ionas go bhfeadfar bearta cur chun feidhme a ghlacadh agus, ina dhiaidh sin, na teicneolaíochtaí casta sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar na feithiclí féin.
- (25) Le héifeacht ó 2011, i gcás cineál-cheaduithe nua, agus le héifeacht ó 2014, i gcás feithiclí nua, ba cheart go ndéanfaí na spriocamanna cur chun feidhme maidir le feistiú éigeantach na gcóras leictreonach rialaithe cobhsaíochta ar fheithiclí saothair throm a shocrú de réir na ndátaí atá leagtha amach sa Rialachán seo.
- (26) Go dtí go dtabharfar córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta isteach, ba cheart don Choimisiún bearta a ghlacadh agus feachtais a reáchtáil chun faisnéis a sholáthar maidir le héifeachtacht na gcóras sin agus chun díol na gcóras sin a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar athruithe praghsanna lena dhéanamh amach an bhfuil praghsanna gluaisteán nua á méadú go díréireach de bharr iad a bheith á dtrealmhú chun na caighdeáin nua sábháilteachta a chomhlíonadh.
- (27) Maidir le haon bhearta a mholfar amach anseo ar bhonn an Rialacháin seo, nó aon nósanna imeachta a bheidh le cur chun feidhme i ndáil le feidhmiú an Rialacháin seo, ba cheart go gcomhlíonfaidís na príonsabail atá leagtha amach ag an gCoimisiún ina Teachtaireacht an 7 Feabhra 2007 dar teideal 'Creat Rialála Iomaíoch don Tionscal Gluaisteán san 21ú hAois'. Chun críocha rialála níos fearr agus simplithe, agus chun síor-uasdátú ar reachtaíocht an Chomhphobail atá ann cheana maidir le saincheisteanna faoi shonraíochtaí teicniúla a sheachaint, ba cheart, go háirithe, go ndéanfaí tagairt sa Rialachán seo do na caighdeáin idirnáisiúnta agus do na rialacháin idirnáisiúnta atá ann cheana ach gan iad a atáirgeadh i gcreat dlí an Chomhphobail.

- (28) Tá sé tábhachtach go mbeadh comhphárteanna athsholáthair do chórais a chumhdaítear leis an Rialachán seo faoi réir ceanglas sábháilteachta agus nósanna imeachta ceadaithe atá coibhéseach leis na ceanglais sin roimhe seo. Dá bhrí sin, is iomchuí go ndéanfar foráil maidir le ceadú comhphárteanna athsholáthair agus aonad teicniúil ar leithligh.
- (29) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- (30) Baineann an Rialachán seo le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfeithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí⁽¹⁾ agus le Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí ó ghluasteáin nua paisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú⁽²⁾. Ba cheart, go háirithe, bearta an Rialacháin seo maidir le hastaíochtaí CO₂ a nascadh a mhéid is féidir leis na bearta breise chun laghdú breise 10g ar astaíochtaí CO₂ a bhaint amach ar bhonn na sprice 130g i gcás astaíochtaí CO₂.
- (31) Ba cheart don Choimisiún, in am trátha, agus mar chur chuige níos comhtháite, leasuithe breise ar an Rialachán seo a mholadh nó tograí eile a thíolacadh de bhun measúnaithe chuimsithigh tionchair ina dtugtar aghaidh ar na bearta breise féideartha go léir atá dírithe ar na spriocanna inmhiánaithe astaíochtaí CO₂ a bhaint amach agus lena gclúdaítear na teicneolaíochtaí eile atá ar fáil ar an margadh, lena n-áirítear teicneolaíochtaí chun an brú sna boinn a choinneáil, feabhsú dromchlaí bóthair agus aon teicneolaíocht nua ábhartha eile, chomh maith le ceanglais maidir le héifeachtúlacht an aerriúnaithe, ar ceanglais iad a bhfuil éifeacht shoiléir acu cheana, nó a bhféadfadh éifeacht shoiléir a bheith acu, ar fhriotaíocht rollta bonn nó ar bharrinneacht breosla feithicle agus astaíochtaí CO₂.
- (32) Ba cheart cur chuige comhleanúnach cuimsitheach a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an torainn ar bhóithre. Maidir leis an tionchar mór atá ag dromchlaí bóithre ar torann ar bhóithre, tá ISO 10844 á athbhreithniú faoi láthair agus, sa chomhthéacs sin, ba cheart é a bhreithniú i bhfianaise an chuspóra maidir le dromchlaí bóthair a bharrfeabhsú tuilleadh. Ba cheart do Bhallstáit níos mó infheistíochta a dhéanamh faoi na caighdeáin ISO atá ann cheana chun feabhas a chur ar a ndromchlaí bóthair. Ina theannta sin, ba cheart beartas cuimsitheach ar astaíochtaí torainn a fhorbairt ar beartas é ina gcumhdófar na córais iompair go léir, agus torainn eitlíochta agus iarnróid a chumhdach de bhreis ar an torann ó iompar de bhóthar.
- (33) Le héifeacht ó dhátaí feidhme na gceanglas ábhartha atá leagtha amach sa Rialachán seo maidir le feithiclí nua, comhphárteanna nua agus aonaid theicniúla nua ar leithligh, ba cheart, dá bhrí sin, na Treoracha seo a leanas a aisghairm:
- Treoir 70/221/CEE ón gComhairle an 20 Márta 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le humair bhreosla agus le cosaint fhocho-rochta cúil mótarfeithiclí agus a leantóirí⁽³⁾,
 - Treoir 70/222/CEE ón gComhairle an 20 Márta 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis an spás chun plátaí clárúcháin cúil a fheistiú agus a shocrú ar mhótarfeithiclí agus a leantóirí⁽⁴⁾,
 - Treoir 70/311/CEE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh stiúrtha mótarfeithiclí agus a leantóirí⁽⁵⁾,
 - Treoir 70/387/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le doirse mótarfeithiclí agus a leantóirí⁽⁶⁾,
 - Treoir 70/388/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí rabhaidh inchloiste do mhótarfeithiclí⁽⁷⁾,
 - Treoir 71/320/CEE ón gComhairle an 26 Iúil 1971 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí coscánaithe le haghaidh catagóirí áirithe mótarfeithiclí agus a leantóirí⁽⁸⁾,
 - Treoir 72/245/CEE ón gComhairle an 20 Meitheamh 1972 maidir le trasnaíocht raidió (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach) ó fheithiclí⁽⁹⁾,
 - Treoir 74/60/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1973 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistis inmheánacha mótarfeithiclí⁽¹⁰⁾,

⁽¹⁾ IO L 171, 29.6.2007, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 140, 5.6.2009, lch. 1

⁽³⁾ IO L 76, 6.4.1970, lch. 23.

⁽⁴⁾ IO L 76, 6.4.1970, lch. 25.

⁽⁵⁾ IO L 133, 18.6.1970, lch. 10.

⁽⁶⁾ IO L 176, 10.8.1970, lch. 5.

⁽⁷⁾ IO L 176, 10.8.1970, lch. 12.

⁽⁸⁾ IO L 202, 6.9.1971, lch. 37.

⁽⁹⁾ IO L 152, 6.7.1972, lch. 15.

⁽¹⁰⁾ IO L 38, 11.2.1974, lch. 2.

- Treoir 74/61/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1973 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí chun cosc a chur le húsáid neamhúdaraíthe mótarfheithiclí ⁽¹⁾,
- Treoir 74/297/CEE ón gComhairle an 4 Meitheamh 1974 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistis inmheánacha mótarfheithiclí (oibriú na meicníochta stiúrtha i gcás tuairte) ⁽²⁾,
- Treoir 74/408/CEE ón gComhairle an 22 Iúil 1974 maidir le mótarfheithiclí i dtaca leis na suíocháin, a ndaingniúcháin agus a dtacaí cinn ⁽³⁾,
- Treoir 74/483/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1974 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le starrphointí seachtracha mótarfheithiclí ⁽⁴⁾,
- Treoir 75/443/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1975 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh cúlaithe agus luasmhéadair mótarfheithiclí ⁽⁵⁾,
- Treoir 76/114/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1975 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le plátaí agus inscríbhinní reachtúla le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus maidir lena suíomh agus a modh ceangail ⁽⁶⁾,
- Treoir 76/115/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1975 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le daingniúcháin do chriosanna sábhála mótarfheithiclí ⁽⁷⁾,
- Treoir 76/756/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí soilsíúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽⁸⁾,
- Treoir 76/757/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hais-fhrithchaiteoirí le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽⁹⁾,
- Treoir 76/758/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le lampaí cúil imlíne, taobhlampaí tosaigh, taobhlampaí cúil, lampaí stoptha, lampaí reatha lae agus taobhlampaí imlíne le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽¹⁰⁾,
- Treoir 76/759/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le lampaí treotháisc le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽¹¹⁾,
- Treoir 76/760/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le lampaí pláta clárúcháin cúil le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽¹²⁾,
- Treoir 76/761/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le ceannlampaí mótarfheithiclí a fheidhmíonn mar cheannlampaí príomhléis agus/nó mar cheannlampaí léis mhaolaithe agus le foinsí solais (lampaí filiméid agus eile) a úsáidtear i lampa-aonaid fhormheasta mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽¹³⁾,
- Treoir 76/762/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le lampaí tosaigh ceo le haghaidh mótarfheithiclí ⁽¹⁴⁾,
- Treoir 77/389/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí tarraingthe mótarfheithiclé ⁽¹⁵⁾,
- Treoir 77/538/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le lampaí cúil ceo le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽¹⁶⁾,
- Treoir 77/539/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le lampaí cúlaithe le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽¹⁷⁾,
- Treoir 77/540/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le lampaí páirceála le haghaidh mótarfheithiclí ⁽¹⁸⁾,

⁽¹⁾ IO L 38, 11.2.1974, lch. 22.

⁽²⁾ IO L 165, 20.6.1974, lch. 16.

⁽³⁾ IO L 221, 12.8.1974, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 266, 2.10.1974, lch. 4.

⁽⁵⁾ IO L 196, 26.7.1975, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 24, 30.1.1976, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 24, 30.1.1976, lch. 6.

⁽⁸⁾ IO L 262, 27.9.1976, lch. 1.

⁽⁹⁾ IO L 262, 27.9.1976, lch. 32.

⁽¹⁰⁾ IO L 262, 27.9.1976, lch. 54.

⁽¹¹⁾ IO L 262, 27.9.1976, lch. 71.

⁽¹²⁾ IO L 262, 27.9.1976, lch. 85.

⁽¹³⁾ IO L 262, 27.9.1976, lch. 96.

⁽¹⁴⁾ IO L 262, 27.9.1976, lch. 122.

⁽¹⁵⁾ IO L 145, 13.6.1977, lch. 41.

⁽¹⁶⁾ IO L 220, 29.8.1977, lch. 60.

⁽¹⁷⁾ IO L 220, 29.8.1977, lch. 72.

⁽¹⁸⁾ IO L 220, 29.8.1977, lch. 83.

- Treoir 77/541/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le criosanna sábhála agus córais shriantacha mótarfeithiclí ⁽¹⁾,
- Treoir 77/649/CEE ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le réimse radhairc tiománaithe mótarfeithiclí ⁽²⁾,
- Treoir 78/316/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistis inmheánacha mótarfeithiclí (riailitheoirí, nodchomharthaí agus táscairí a shainaitheint) ⁽³⁾,
- Treoir 78/317/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le córais díreoir agus dínéalaithe dromchlaí gloinithe mótarfeithiclí ⁽⁴⁾,
- Treoir 78/318/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le córais cuimilte agus nite do mhótarfeithiclí ⁽⁵⁾,
- Treoir 78/549/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1978 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le rothghardaí mótarfeithiclí ⁽⁶⁾,
- Treoir 78/932/CEE ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 1978 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le tacaí cinn ar shuíocháin mótarfeithiclí ⁽⁷⁾,
- Treoir 89/297/CEE ón gComhairle an 13 Aibreán 1989 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint chliathánach (taobhghardaí) mótarfeithiclí áirithe agus a leantóirí ⁽⁸⁾,
- Treoir 91/226/CEE ón gComhairle an 27 Márta 1991 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le córais choiscthe sprae de chuid catagóirí áirithe mótarfeithiclí agus a leantóirí ⁽⁹⁾,
- Treoir 92/21/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir le maiseanna agus toisí mótarfeithiclí chatagóir M₁ ⁽¹⁰⁾,
- Treoir 92/22/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir le pánaí gloiniú sábhála agus ábhair gloinithe le haghaidh mótarfeithiclí agus a leantóirí ⁽¹¹⁾,
- Treoir 92/23/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir le boinn do mhótarfeithiclí agus dá leantóirí agus maidir le feistiú na mbonn sin ⁽¹²⁾,
- Treoir 92/24/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir le feistí teorannaithe luais nó córais teorannaithe luais ar bord dá samhail de chuid catagóirí áirithe mótarfeithiclí ⁽¹³⁾,
- Treoir 92/114/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1992 maidir le starrphointí seachtracha chun tosaigh ar phainéal cúil an chábáin i gcás mótarfeithiclí chatagóir N ⁽¹⁴⁾,
- Treoir 94/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir le feistí meicniúla cúplála mótarfeithiclí agus a leantóirí agus maidir lena gceangal leis na feithiclí sin ⁽¹⁵⁾,
- Treoir 95/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le dó-iompar ábhar arna n-úsáid i dtógáil inmheánach catagóirí áirithe mótarfeithiclí ⁽¹⁶⁾,
- Treoir 96/27/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 1996 maidir le daoine atá i mótarfeithiclí a chosaint i gcás tuairte cliathánaigh agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ⁽¹⁷⁾,
- Treoir 96/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le daoine atá i mótarfeithiclí a chosaint i gcás tuairte tosaigh agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ⁽¹⁸⁾,
- Treoir 97/27/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 1997 maidir le maiseanna agus toisí catagóirí áirithe mótarfeithiclí agus a leantóirí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ⁽¹⁹⁾,

⁽¹⁾ IO L 220, 29.8.1977, lch. 95.

⁽²⁾ IO L 267, 19.10.1977, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 81, 28.3.1978, lch. 3.

⁽⁴⁾ IO L 81, 28.3.1978, lch. 27.

⁽⁵⁾ IO L 81, 28.3.1978, lch. 49.

⁽⁶⁾ IO L 168, 26.6.1978, lch. 45.

⁽⁷⁾ IO L 325, 20.11.1978, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 124, 5.5.1989, lch. 1.

⁽⁹⁾ IO L 103, 23.4.1991, lch. 5.

⁽¹⁰⁾ IO L 129, 14.5.1992, lch. 1.

⁽¹¹⁾ IO L 129, 14.5.1992, lch. 11.

⁽¹²⁾ IO L 129, 14.5.1992, lch. 95.

⁽¹³⁾ IO L 129, 14.5.1992, lch. 154.

⁽¹⁴⁾ IO L 409, 31.12.1992, lch. 17.

⁽¹⁵⁾ IO L 195, 29.7.1994, lch. 1.

⁽¹⁶⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 1.

⁽¹⁷⁾ IO L 169, 8.7.1996, lch. 1.

⁽¹⁸⁾ IO L 18, 21.1.1997, lch. 7.

⁽¹⁹⁾ IO L 233, 25.8.1997, lch. 1.

- Treoir 98/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 1998 maidir le mótarfheithiclí agus a leantóirí atá beartaithe chun earraí contúirteacha a iompar de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí agus a leantóirí ⁽¹⁾,
- Treoir 2000/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint fhochrochta tosaigh mótarfheithiclí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle ⁽²⁾,
- Treoir 2001/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 maidir le córais téimh do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí, lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/548/CEE ón gComhairle ⁽³⁾,
- Treoir 2001/85/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2001 maidir le forálacha speisialta le haghaidh feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí a iompar agus ina bhfuil níos mó ná ocht suíochán de bhreis ar shuíochán an tiománaí, agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE agus Treoir 97/27/CE ⁽⁴⁾,
- Treoir 2003/97/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cineál-cheadú feistí amhairc neamhdhírigh agus cineál-cheadú feithiclí ina bhfuil na feistí sin feistithe, lena leasaítear Treoir 70/156/CEE agus lena n-aisghairtear Treoir 71/127/CEE ⁽⁵⁾.

(34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an margadh inmheánach a bhaint amach trí cheanglais theicniúla choiteanna a thabhairt isteach i dtaca le sábháilteacht agus feidhmíocht chomhshaoil mótarfheithiclí agus bonn, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge, is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

⁽¹⁾ IO L 11, 16.1.1999, lch. 25.

⁽²⁾ IO L 203, 10.8.2000, lch. 9.

⁽³⁾ IO L 292, 9.11.2001, lch. 21.

⁽⁴⁾ IO L 42, 13.2.2002, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 25, 29.1.2004, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear ceanglais i dtaca leis an méid seo a leanas:

1. cineál-cheadú mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhphárteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh, i ndáil lena sábháilteacht,
2. cineál-cheadú mótarfheithiclí, maidir le córais faireacháin bhrú na mbonn i ndáil lena sábháilteacht, a n-éifeachtúlacht bhreosla agus a n-astaíochtaí CO₂ agus maidir le táscairí athraithe giair, i ndáil lena n-éifeachtúlacht bhreosla agus lena n-astaíochtaí CO₂; agus
3. cineál-cheadú bonn nua-mhonaraithe i ndáil lena sábháilteacht, a bhfeidhmíocht friotáíochta rollta agus a n-astaíochtaí torainn rollta.

Airteagal 2

Raon Feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí chatagóirí M, N agus O agus maidir le córais, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe dóibh de réir mar a shainmhínítear iad i Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE, ach sin faoi réir Airteagal 5 go hAirteagal 12 den Rialachán seo.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir 2007/46/CE.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'rialú cobhsaíochta leictreonach' feidhm rialaithe leictreonaigh le haghaidh feithicle ar feidhm í lena bhfeabhsaítear cobhsaíocht dhinimiciúil na feithicle;
2. ciallaíonn 'feithicil M₂ nó M₃ d'Aicme I' feithicil M₂ nó M₃ ag a bhfuil acmhainn is mó ná 22 paisinéir de bhreis ar an tiománaí agus ina bhfuil áiteanna seasaimh do phaisinéirí rud a éascaíonn gluaiseacht leanúnach ag paisinéirí;
3. ciallaíonn 'feithicil M₂ nó M₃ d'Aicme A' feithicil M₂ nó M₃ ag a bhfuil acmhainn nach mó ná 22 paisinéir, de bhreis ar an tiománaí agus atá deartha chun paisinéirí ina seasamh a iompar, agus ina bhfuil suíocháin agus cóiríocht do phaisinéirí ina seasamh;
4. ciallaíonn 'córas rabhaidh imeacht ó lána' córas lena dtugtar rabhadh don tiománaí i gcás ina ngluaiseann an feithicil óna lána taistil go neamhbheartaithe;

5. ciallaíonn 'ardchóras coscánaithe éigeandála' córas lenar féidir staid éigeandála a aimsiú go huathoibríoch agus lenar féidir córas coscánaithe na feithicle a ghníomhachtú chun luas na feithicle a laghdú d'fhonn imbhualladh a sheachaint nó a mhaolú;
6. ciallaíonn 'treoiruimhir acmhainne ualaigh' uimhir amháin nó dhá uimhir ar uimhir í lena dtaispeántar an t-ualach atá an bonn in ann a iompar, i bhfoirmíocht shingil nó i bhfoirmíocht shingil agus dhéach, ag an luas a fhreagraíonn don chatagóir luais ghaolmhar agus nuair a úsáidtear é i gcomhréir le ceanglais arna sonrú ag an monaróir;
7. ciallaíonn 'córas faireacháin bhrú na mbonn' córas atá feistithe ar fheithicil agus atá in ann brú na mbonn nó athrú ar bhrú le himeacht ama a mheas agus atá in ann faisnéis chomhfhreagrach a tharchur chuig an úsáideoir nuair atá an fheithicil ag rith;
8. ciallaíonn 'bonn úsáide speisialta' bonn atá beartaithe le haghaidh úsáide measctha, is é sin, úsáid ar an mbóthar agus úsáid eisbhóthair nó le haghaidh saothair speisialta eile;
9. ciallaíonn 'bonn gairmiúil eisbhóthair' bonn úsáide speisialta a úsáidtear go príomha i ndiandálaí eisbhóthair;
10. ciallaíonn 'bonn treisithe' nó 'bonn breisualaigh' struchtúr aerbhoinn C1 ina bhfuil an chreatlach deartha chun ualach níos mó a iompar ná mar a iompraíonn gnáthbhonn comhfhreagrach;
11. ciallaíonn 'bonn sneachta' bonn a bhfuil an pátrún tráchta, an cumasc tráchta nó an struchtúr atá aige deartha go príomha chun feidhmíocht a bheadh níos fearr ná feidhmíocht gnáthbhoinn a bhaint amach faoi dhálaí sneachta maidir lena chumas chun gluaiseacht na feithicle a thosú nó a choimeád ar bun;
12. ciallaíonn 'bonn spártha úsáide sealadaí T-chineáil' bonn spártha le haghaidh úsáide sealadaí atá deartha le haghaidh úsáide ag brúnna teannta atá níos airde ná na brúnna teannta atá bunaithe i gcomhair bonn caighdeánach agus bonn treisithe;
13. ciallaíonn 'bonn tarraingthe' bonn de chuid aicme C2 nó aicme C3 a bhfuil 'M + S', 'M.S.' nó 'M&S' inscríofa air agus atá beartaithe lena fheistiú ar acastóir nó acastóirí tiomána feithicle;
14. ciallaíonn 'úsáideoir bóthair gan chosaint' coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe;
15. ciallaíonn 'táscaire athraithe giar' nó 'TAG' táscaire sofheicthe trína moltar don tiománaí an giar a athrú;
16. ciallaíonn 'giarbhosca láimhe' giarbhosca atá inoibríthe ar mhodh ina dtarlaíonn an t-athrú idir na giaranna uile nó cuid de na giaranna i gcónaí mar thoradh láithreach ar ghníomh de chuid an tiománaí is cuma cén tslí ina gcuirtear chun feidhme é go fisiciúil; ní chlúdaíonn sé seo córais ar dá réir nach féidir leis an tiománaí ach stráitéis áirithe athraithe giara a réamhroghnú nó a theorannaítear líon na ngiaranna atá ar fáil don tiománaí agus ar dá réir a thionscnaítear na hathruithe giara iarbhrí go neamhspleách ar chinneadh an tiománaí de réir pátrún áirithe tiomána.

CAIBIDIL II

OIBLEAGÁIDÍ NA MONARÓIRÍ

Airteagal 4

Oibleagáidí ginearálta

1. Taispeánfaidh monaróirí go bhfuil gach feithicil nua a dhíoltar, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís laistigh den Chomhphobal cineál-cheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.
2. Féadfaidh monaróirí a roghnú iarratas a dhéanamh ar chineál-cheadú i ndáil leis na córais uile, agus i ndáil le suiteáil na gcomhpháirteanna uile agus na n-aonad teicniúil uile ar leithligh atá clúdaithe faoin Rialachán seo, nó iarratas a dhéanamh ar chineál-cheadú i ndáil le córas amháin nó níos mó agus suiteáil comhpháirte amháin nó níos mó nó suiteáil aonaid theicniúil ar leithligh amháin nó níos mó atá clúdaithe faoin Rialachán seo. Measfar gur cineál-cheadú CE i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo é cineál-cheadú i gcomhréir le Rialachán UNECE atá liostaithe in Iarscríbhinn IV.
3. Taispeánfaidh monaróirí go bhfuil gach córas nua, gach comhpháirt nua agus gach aonad teicniúil nua ar leithligh a dhíoltar nó a chuirtear i seirbhís laistigh den Chomhphobal cineál-cheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 5

Ceanglais ghinearálta agus tástálacha

1. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfar feithicilí a dheardh, a thógáil agus a chóimeáil ionas go n-íoslaghdófar an baol díobhála do dhaoine atá i bhfeithicilí agus d'úsáideoirí eile bóthair.
2. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfaidh feithicilí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh na ceanglais ábhartha atá leagtha amach sa Rialachán seo agus i mbearta cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
 - (a) sláine struchtúr na feithicle, lena n-áirítear tástálacha tuairte;
 - (b) córais chun cur le smacht an tiománaí ar an bhfeithicil, lena n-áirítear córais stiúrtha, córais coscánaithe agus córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta;
 - (c) córais trína soláthraítear infheictheacht agus faisnéis don tiománaí faoi staid na feithicle agus faoin spás a thimpeallaíonn í, lena n-áirítear gloiniú, scátháin agus córais faisnéise don tiománaí;
 - (d) córais soilsithe feithicle;
 - (e) cosaint do dhaoine atá i bhfeithicil, lena n-áirítear feistis inmheánacha, tacaí cinn, criosanna sábhála, daingnithe 'ISOfix' nó feistí sriantacha ionsuite do leanaí agus doirse feithicle;
 - (f) an taobh amuigh den fheithicil agus na gabhálaí;
 - (g) comhoiriúnacht leictreamaighnéadach;

- (h) feistí rabhaidh inchloiste;
- (i) córais téimh;
- (j) feistí chun úsáid neamhúdaraíthe a chosc;
- (k) córais sainaitheanta feithicle;
- (l) mais agus toisí;
- (m) sábháilteacht leictreach;
- (n) táscairí athraithe giara.

3. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 maidir le feithicil agus córais, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe dóibh, de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 6

Ceanglais shonracha a bhaineann le feithicil áirithe de chuid chatagóir N agus chatagóir O

1. De bhreis ar na ceanglais atá in Airteagail 5, 8, 9, 10 agus 12 agus i mbearta cur chun feidhme na nAirteagal sin, comhlíonfaidh feithicil chatagóir N agus chatagóir O, más ábhartha, na ceanglais atá leagtha amach i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo agus i mbearta cur chun feidhme na míreanna sin.

2. Déanfar feithicil chatagóir N₂ agus chatagóir N₃ a thógáil chun go n-áiritheofar, i gcás imbhuailte tosaigh i gcoinne feithicle eile, go n-íoslaghdófar an baol díobhála don dhuine atá san fheithicil i ngeall ar fhochrochadh.

3. Déanfar feithicil chatagóirí N₂, N₃, O₃ agus O₄ a thógáil chun go n-áiritheofar, i gcás ina n-imbhuailfidh úsáideoir bóthair gan chosaint an fheithicil i gcoinne thaobh na feithicle, go n-íoslaghdófar an baol díobhála don úsáideoir bóthair gan chosaint sin i ngeall ar fhochrochadh.

4. Beidh dóthain nirt i gcábán na feithicle nó sa spás a sholáthraítear don tiománaí agus do na paisinéirí chun cosaint a chur ar fáil do na daoine atá san fheithicil i gcás imbhuailte, agus Rialachán 29 UNECE á chur san áireamh.

5. Déanfar feithicil chatagóirí N₂, N₃, O₃ agus O₄ a thógáil chun go n-íoslaghdófar éifeacht astaíochtaí sprae ón bhfeithicil ar chumas radhairc tiománaithe feithicil eile.

Airteagal 7

Ceanglais shonracha a bhaineann le feithicil chatagóirí M2 agus M3

1. De bhreis ar na ceanglais atá in Airteagail 5, 8, 9, 10 agus 12 agus i mbearta cur chun feidhme na nAirteagal sin, comhlíonfaidh feithicil chatagóir M₂ agus chatagóir M₃ na ceanglais

atá leagtha amach i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo agus i mbearta cur chun feidhme na míreanna sin.

2. Beidh acmhainn iompair feithicle, lena n-áirítear paisinéirí atá ina suí agus paisinéirí ina seasamh agus úsáideoirí cathaoirreacha rothaí, oiriúnach do mhais, do mhéid agus do leagan amach na feithicle.

3. Déanfar cabhlacha feithicil a dheardh agus a thógáil chun a chumasú an fheithicil a oibriú ar shlí shábháilte chobhsaí, fiú amháin agus an fheithicil ag a lánacmhainn. Déanfar socruithe oiriúnacha chun rochtain shábháilte ar an bhfeithicil agus bealach amach sábháilte ón bhfeithicil a áirithiú, go háirithe i gcás éigeandála.

4. Beidh feithicil Aicme I inrochtana do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear úsáideoirí cathaoirreacha rothaí.

5. A mhéid is féidir, déanfaidh ábhair a úsáidtear chun an taobh istigh de chabhalra busanna agus cóistí a thógáil dóiteán a chosc nó ar a laghad dóiteán a mhoilliú chun deis a thabhairt do dhaoine atá san fheithicil éalú uathu i gcás dóiteáin.

Airteagal 8

Aicmiú bonn

1. Aicmeofar boinn mar a leanas:

(a) boinn aicme C1– boinn atá deartha go príomha i gcomhair feithicil chatagóirí M₁, N₁, O₁ agus O₂;

(b) boinn aicme C2– boinn atá deartha go príomha i gcomhair feithicil chatagóirí M₂, M₃, N, O₃ agus O₄ ag a bhfuil treoiruimhir acmhainne ualaigh ≤ 121, i bhfoirmíocht shingil, agus ag a bhfuil an tsiombail chatagóra luais ≥ 'N';

(c) boinn aicme C3– boinn atá deartha go príomha i gcomhair feithicil chatagóirí M₂, M₃, N, O₃ agus O₄ ag a bhfuil ceann amháin de na treoiruimhreacha acmhainne ualaigh seo a leanas:

(i) treoiruimhir acmhainne ualaigh ≤ 121, i bhfoirmíocht shingil, agus an tsiombail chatagóra luais ≤ 'M';

(ii) treoiruimhir acmhainne ualaigh ≥ 122, i bhfoirmíocht shingil.

Féadfar bonn a aicmiú i níos mó ná aicme amháin ar choinníoll go gcomhlíonann sé ceanglais iomchuí uile gach aicme ina n-aicmítear é.

2. Beidh feidhm ag an liosta treoiruimhreacha acmhainne ualaigh agus ag a maiseanna comhfhreagracha atá i Rialachán UNECE 30 agus i Rialachán UNECE 54.

*Airteagal 9***Forálacha sonracha a bhaineann le boinn feithicle, suiteáil bonn agus córais faireacháin bhrú na mbonn**

1. Beidh na boinn go léir a sholáthraítear mar chuid de threalamh feithicle, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, aon bhoinn spártha, oiriúnach lena n-úsáid ar na feithiclí sin dá bhfuil siad beartaithe, go háirithe maidir lena dtoisí, le luas agus le saintréithe feidhmíochta ualaigh.

2. Ar mhaithe leis an ráta úsáide breosla is fearr is féidir agus ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre, déanfar feithiclí chatagóir M_1 a threalmhú le córas cruinn faireacháin bhrú na mbonn a bheidh in ann, nuair is gá, rabhadh a thabhairt don tiománaí laistigh den ghluasteán nuair a tharlaíonn cailleadh brú in aon cheann de na boinn. Socrófar teorainneacha iomchuí sna sonraíochtaí teicniúla chun é sin a bhaint amach, rud a fhágfaidh, ina theannta sin, go bhféadfaidh cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus cost-éifeachtúil a bheith ann i ndáil le forbairt chórais chruinne faireacháin bhrú na mbonn.

3. Comhlíonfaidh gach bonn C1 na ceanglais a bhaineann le fiuchghreim agus atá i gCuid A d'Iarscríbhinn II.

4. Comhlíonfaidh gach bonn na ceanglais a bhaineann le friotaíocht rollta agus atá i gCuid B d'Iarscríbhinn II.

5. Comhlíonfaidh gach bonn na ceanglais a bhaineann le torann rollta agus atá i gCuid C d'Iarscríbhinn II.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 3, ag mír 4 ná ag mír 5 maidir leis na boinn seo a leanas:

- (a) boinn a bhfuil a rátáil luais níos lú ná 80 km/h;
- (b) boinn nach mó ná 254 mm, nó ar 635 mm nó níos mó, trastomhas ainmniúil a n-mill;
- (c) boinn spártha úsáide sealadaí T-chineáil;
- (d) boinn atá deartha lena bhfeistiú ar fheithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh 1 Deireadh Fómhair 1990, agus orthu sin amháin;
- (e) boinn atá feistithe le feistí breise chun airíonna tarraingthe a fheabhsú.

7. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a bhaineann le friotaíocht rollta agus le torann rollta agus atá leagtha amach i gCuid B agus i gCuid C d'Iarscríbhinn II maidir le boinn ghairmiúla eisbhóthair.

*Airteagal 10***Ardchórais feithicle**

1. Faoi réir díolúintí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 14(3)(a), déanfar feithiclí chatagóirí M_2 , M_3 , N_2 agus N_3 a threalmhú le hardchóras coscánaithe éigeandála a chomhlíonfaidh ceanglais an Rialacháin seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

2. Faoi réir díolúintí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 14(3)(a), déanfar feithiclí chatagóirí M_2 , M_3 , N_2 agus N_3 a threalmhú le córas rabhaidh imeacht ó lána a chomhlíonfaidh ceanglais an Rialacháin seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 11***Táscairí athraithe gair**

Déanfar feithiclí chatagóir M_1 ag a bhfuil mais tagartha nach mó ná 2 610 kg agus feithiclí dá dtugtar cineál-leadú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus atá feistithe le giarbhosca láimhe a threalmhú le táscairí athraithe giara i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo agus le bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 12***Córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta**

1. Déanfar feithiclí chatagóirí M_1 agus N_1 a threalmhú le córas leictreonach rialaithe cobhsaíochta a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

2. Cé is moite d'fheithiclí eisbhóthair mar atá sainmhínithe i bpointe 4.2 agus 4.3 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE, déanfar na feithiclí seo a leanas a threalmhú le córas leictreonach rialaithe cobhsaíochta a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo:

- (a) feithiclí chatagóir M_2 agus chatagóir M_3 seachas na cinn ag a bhfuil níos mó ná trí acastóir, busanna altacha agus cóistí altacha, agus busanna Aicme I nó Aicme A;
- (b) feithiclí chatagóir N_2 agus chatagóir N_3 , seachas na cinn ag a bhfuil níos mó ná trí acastóir, tarracóirí do leathleantóirí ag a bhfuil ollmhais feithicle idir 3,5 agus 7,5 tona, agus feithiclí sainchuspóra mar atá sainmhínithe i bpointe 5.7 agus i bpointe 5.8 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE;
- (c) feithiclí chatagóir O_3 agus chatagóir O_4 atá trealmhaithe le haerchrochadh, seachas na cinn ag a bhfuil níos mó ná trí acastóir, leantóirí le haghaidh iompair ualaigh eisceachtúil agus leantóirí ina bhfuil áiteanna do phaisinéirí ina seasamh.

CAIBIDIL III

OIBLEAGÁIDÍ NA MBALLSTÁT*Airteagal 13***Cineál-leadú feithiclí, comhphárteanna agus aonad teicniúil ar leithligh**

1. Le héifeacht ón 1 Samhain 2011, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta, cineál-leadú CE nó cineál-leadú náisiúnta a dheonú i ndáil le cineálacha nua feithiclí de chuid chatagóir M_1 agus chatagóir N_1 nach gcomhlíonann an Rialachán seo ná bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Tar éis na ndátaí cur chun feidhme atá leagtha amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn V, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta, cineál-cheadú CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i ndáil le cineálacha nua feithiclí de chuid chatagóirí M₂, M₃, N₂, N₃, O₃ agus O₄, nach gcomhlíonfaidh an Rialachán seo ná bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

2. Le héifeacht ón 1 Samhain 2012, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le réimsí na sábháilteachta feithicle agus na mbonn atá clúdaithe le hAirteagal 5 go hAirteagal 8, le hAirteagal 9(2) agus le hAirteagal 11:

- (a) cineál-cheadú CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i ndáil le cineálacha nua feithiclí de chuid na gcatagóirí atá sonraithe sna hAirteagail sin agus i mbearta cur chun feidhme na nAirteagal sin, i gcás nach gcomhlíonann na feithiclí sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo; agus
- (b) cineál-cheadú CE do chomhpháirt/d'aonad teicniúil ar leithligh a dheonú i ndáil le cineálacha nua comhpháirteanna nó aonad theicniúil ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin, i gcás nach gcomhlíonann na feithiclí sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

3. Le héifeacht ón 1 Samhain 2012, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis na réimsí maidir le boinn atá clúdaithe le hAirteagal 9(1) agus (3) go (7) agus le hIarscríbhinn II, cé is moite de na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II, cineál-cheadú CE do chomhpháirt/d'aonad teicniúil ar leithligh a dheonú i ndáil le cineálacha nua bonn nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Le héifeacht ón 1 Samhain 2013, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis na réimsí maidir le boinn atá clúdaithe le hAirteagal 9(1) agus (3) go (7) agus Iarscríbhinn II, cé is moite de luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II, cineál-cheadú CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i ndáil le cineálacha nua feithiclí de chuid chatagóir M, chatagóir N agus chatagóir O nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

4. Tar éis na ndátaí cur chun feidhme atá leagtha amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn V, measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta, nach mbeidh deimhnithe comhréireachta d'fheithiclí nua chatagóirí M₂, M₃, N₂, N₃, O₃ agus O₄ bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar fheithiclí den sórt sin a chlárú, a dhíol agus a chur i seirbhís, i gcás nach gcomhlíonann na feithiclí sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

5. Le héifeacht ón 1 Samhain 2014, déanfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le réimse na sábháilteachta feithicle agus réimse na mbonn atá clúdaithe le hAirteagail 5, 6, 7, agus 8, le hAirteagal 9(1) go (4), le hAirteagal 11, le hAirteagal 12(1) agus le Cuid A agus le Cuid B d'Iarscríbhinn II, cé is moite de na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta i gcás bhoinn C3 agus de na luachanna teorainneacha do

fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II:

- (a) a mheas nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta d'fheithiclí nua chatagóirí atá sonraithe sna hAirteagail sin bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar fheithiclí den sórt sin a chlárú, a dhíol nó a chur i seirbhís, i gcás nach gcomhlíonann siad an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo; agus
- (b) toirmeasc a chur ar chomhpháirteanna nua nó aonaid theicniúla ar leithligh nua atá beartaithe d'fheithiclí den sórt sin a dhíol agus a chur i seirbhís, i gcás nach gcomhlíonann na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

6. Le héifeacht ón 1 Samhain 2016, déanfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le torann rollta bonn agus, i gcás bhoinn C3, ar fhorais a bhaineann le friotaíocht rollta bonn freisin, cé is moite de na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II:

- (a) a mheas nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta d'fheithiclí chatagóir M, chatagóir N agus chatagóir O bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar fheithiclí den sórt sin a chlárú, a dhíol agus a chur i seirbhís i gcás nach gcomhlíonann na feithiclí sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo; agus
- (b) toirmeasc a chur ar bhoinn atá beartaithe d'fheithiclí den sórt sin a dhíol agus a chur i seirbhís i gcás nach gcomhlíonann na boinn sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

7. Le héifeacht ón 1 Samhain 2016, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le friotaíocht rollta bonn, cineál-cheadú CE do chomhpháirt/d'aonad teicniúil ar leithligh a dheonú i ndáil le cineálacha nua bonn nach gcomhlíonann na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II.

8. Le héifeacht ón 1 Samhain 2017, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le friotaíocht rollta bonn, cineál-cheadú CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i ndáil leis na cineálacha nua feithiclí de chuid chatagóir M, chatagóir N agus chatagóir O nach gcomhlíonann na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II.

9. Le héifeacht ón 1 Samhain 2018, déanfaidh údaráis náisiúnta:

- (a) a mheas, ar fhorais a bhaineann leis na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta i gcás bhoinn C1 agus C2 atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta d'fheithiclí nua chatagóir M, chatagóir N agus chatagóir O bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, i gcás nach gcomhlíonann feithiclí den sórt sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo; agus

(b) toirmeasc a chur ar bhoinn nua atá beartaithe d'fheithicilí den sórt sin a dhíol agus a chur i seirbhís, i gcás nach gcomhlíonann na boinn sin na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II.

10. Le héifeacht ón 1 Samhain 2020, déanfaidh údaráis náisiúnta:

(a) a mheas, ar fhorais a bhaineann leis na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta i gcás bhoinn C3 atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II, nach bhfuil na deimhnithe comhréireachta d'fheithicilí nua chatagóir M, chatagóir N agus chatagóir O bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar fheithicilí den sórt sin a chlárú, a dhíol agus a chur i seirbhís, i gcás nach gcomhlíonann na feithicilí sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo; agus

(b) toirmeasc a chur ar bhoinn nua atá beartaithe d'fheithicilí den sórt sin a dhíol agus a chur i seirbhís i gcás nach gcomhlíonann na boinn sin na luachanna teorainneacha do fhriotaíocht rollta atá leagtha amach i dTábla 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn II.

11. Maidir le boinn C1, boinn C2 agus boinn C3 a monaraíodh roimh na dátaí atá leagtha i míreanna 5, 6, 9 agus 10 agus nach gcomhlíonann ceanglais Iarscríbhinn II, féadfá iad a dhíol go ceann tréimhse nach faide ná 30 mí ó na dátaí sin.

12. Le héifeacht ón 1 Samhain 2013, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis na réimsí sábháilteachta feithicilí atá clúdaithe le hAirteagal 10 cineál-cheadú CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i ndáil leis na cineálacha nua feithicilí de chuid chatagóirí M₂, M₃, N₂ agus N₃, i gcás nach gcomhlíonann na feithicilí sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

13. Le héifeacht ón 1 Samhain 2015, measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le sábháilteacht feithicilí atá clúdaithe le hAirteagal 10, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta d'fheithicilí nua de chuid chatagóirí M₂, M₃, N₂ agus N₃ bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE agus cuirfidh siad toirmeasc ar fheithicilí den sórt sin a dhíol agus a chur i seirbhís i gcás nach gcomhlíonann na feithicilí sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

14. Ceadóidh údaráis náisiúnta feithicilí, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a cineál-cheadaíodh roimh na dátaí dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 a dhíol agus a chur i seirbhís agus leanfaidh siad d'fhaduithe ar cheaduithe a dheonú do na feithicilí sin, do na comhphárteanna sin agus do na haonaid theicniúla ar leithligh sin faoi théarmaí an ghnímh reachtaigh faoinar ceadaíodh nó faoinar deonaíodh iad den chéad uair, mura rud é gur modhnaíodh na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le feithicilí, le comhphárteanna nó le haonaid theicniúla ar leithligh den sórt sin nó gur cuireadh isteach ceanglais nua leis an Rialachán seo agus le bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Cé is moite de bhoinn athsholáthair, ceadóidh údaráis náisiúnta comhphárteanna athsholáthair agus aonaid theicniúla athsholáthair ar leithligh atá beartaithe d'fheithicilí a cineál-cheadaíodh

roimh na dátaí dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 a dhíol agus a chur i seirbhís, agus leanfaidh siad d'fhaduithe ar chineál-cheadú CE den sórt sin a dheonú, faoi théarmaí an ghnímh reachtaigh faoinar ceadaíodh nó faoinar deonaíodh iad den chéad uair.

15. Gan dochar do mhíreanna 1 go 14, agus faoi réir theacht i bhfeidhm na mbearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 14, má iarrann monaróir amhlaidh, ní fhéadfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le réimse na sábháilteachta feithicilí agus le réimse na mbonn atá clúdaithe le hAirteagal 5 go hAirteagal 12:

(a) diúltú cineál-cheadú CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i ndáil le cineál nua feithicilí nó cineál-cheadú CE do chomhpháirt/d'aonad teicniúil ar leithligh a dheonú i ndáil le cineál nua comhphárte nua nó aonaid theicniúil ar leithligh nua i gcás ina gcomhlíonann an feithicil, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh sin an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo; nó

(b) toirmeasc a chur ar fheithicil nua a chlárú, a dhíol nó a chur i seirbhís nó toirmeasc a chur ar chomhpháirt nua nó aonad teicniúil ar leithligh nua a dhíol nó a chur i seirbhís, i gcás ina gcomhlíonann an feithicil, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh lena mbaineann an Rialachán seo agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

CAIBIDIL IV

CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 14

Bearta cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta, na tástálacha agus na ceanglais theicniúla a bhaineann le cineál-cheadú mótarfeithicilí, a leantóirí, agus comhphárteanna agus aonad teicniúil ar leithligh maidir le forálacha Airteagal 5 go hAirteagal 12;

(b) rialacha mionsonraithe maidir le ceanglais shonracha sábháilteachta i gcomhair feithicilí atá beartaithe chun earraí contúirteacha a iompar de bhóthar laistigh de na Ballstáit nó idir na Ballstáit, agus aird á thabhairt ar Rialachán 105 UNECE;

(c) sainmhíniú níos beachte ar na saintréithe fisiciúla agus ar na ceanglais feidhmíochta nach mór a bheith ag bonn chun é a shainmhíniú mar 'bonn úsáide speisialta', 'bonn gairmiúil eisbhóthair', 'bonn treisithe', 'bonn breisualaigh', 'bonn sneachta', 'bonn spártha úsáide sealadaí T-chineáil' nó 'bonn tarraingthe' i gcomhréir le pointí 8 go 13 den dara mír d'Airteagal 3;

(d) bearta lena leasaítear na luachanna teorainneacha a bhaineann le friotaíocht rollta agus torann rollta agus a leagtar síos i gCuid B agus i gCuid C d'Iarscríbhinn II a mhéid is gá sin mar thoradh ar athruithe sna nósanna imeachta tástála agus gan leibhéal cosanta an chomhshaoil a íslí;

- (e) rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta chun na leibhéil torainn dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid C d'Iarscríbhinn II a chinneadh;
- (f) bearta lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun Rialacháin UNECE atá éigeantach faoi Airteagal 4(4) de Chinneadh 97/836/CE a áireamh.

2. Déanfar na bearta dá dtagraítear i mír 1, cé is moite de na cinn sin a bhaineann le forálacha Airteagal 10, a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2010.

Déanfar na bearta a bhaineann le forálacha Airteagal 10 a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2011.

3. Féadfaidh an Coimisiún na bearta cur chun feidhme seo a leanas a ghlacadh:

- (a) bearta lena ndéantar feithiclí áirithe nó aicmí áirithe feithiclí de chuid chatagóirí M₂, M₃, N₂ agus N₃ a dhíolmhú ón oibleagáid chun na hardchórais feithicle dá dtagraítear in Airteagal 10 a shuiteáil más rud é, tar éis anailís chostais/sochair a dhéanamh agus na gnéithe sábháilteachta ábhartha go léir a chur san áireamh, nach iomchuí na córais sin a chur i bhfeidhm i leith na feithicle nó i leith na haicme feithicle lena mbaineann;
- (b) faoin 31 Nollaig 2010, agus ar bhonn anailíse costais/sochair, bearta lena ngiorrófar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 13(11), agus féadfar difreáil a dhéanamh ina leith sin de réir aicme nó chatagóir na mbonn lena mbaineann.

4. Maidir leis na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlónadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

Airteagal 15

Nós Imeachta Coiste

1. Tabharfaidh an Coiste Teicniúil – Mótárfheithiclí (TCMV), arna bhunú le hAirteagal 40(1) de Threoir 2007/46/CE, cúnaimh don Choimisiún.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 16

Pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme maidir le sárú ag monaróirí ar fhorálacha an Rialacháin seo agus ar bhearta cur chun feidhme an Rialacháin seo, agus déanfaidh siad na bearta uile

is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Faoin 20 Feabhra 2009 nó, de réir mar is iomchuí, faoi 18 mí ón dáta a dtiocfaidh an beart cur chun feidhme ábhartha i bhfeidhm, tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún i dtaobh aon leasaithe iardain a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

2. Áireofar an méid seo a leanas, ar a laghad, ar na cineálacha sárúithe a bheidh faoi réir pionóis:

- (a) dearbhuithe bréagacha a dhéanamh i rith nós imeachta ceadaithe nó i rith nós imeachta as a dtiocfaidh aisghlaoch;
- (b) torthaí tástála a fhalsú ar mhaithe le cineál-cheadú;
- (c) sonraí nó sonraíochtaí teicniúla a bhféadfadh aisghlaoch nó tarraingt siar cineál-cheadaithe teacht astu a choinneáil siar.

Airteagal 17

Tuairiscíú

Faoin 1 Nollaig 2012, agus gach trí bliana dá éis sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar tuarascáil í ina mbeidh, de réir mar is iomchuí, tograí chun leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo nó ar reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Chomhphobail maidir le gnéithe sábháilteachta nua breise a áireamh.

Airteagal 18

Leasuithe ar Threoir 2007/46/CE

Leasófar Iarscríbhinní IV, VI, XI agus XV a ghabhann le Treoir 2007/46/CE i gcomhréir le hlarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 19

Aisghairm

1. Aisghairfear Treoracha 70/221/CEE, 70/222/CEE, 70/311/CEE, 70/387/CEE, 70/388/CEE, 71/320/CEE, 72/245/CEE, 74/60/CEE, 74/61/CEE, 74/297/CEE, 74/408/CEE, 74/483/CEE, 75/443/CEE, 76/114/CEE, 76/115/CEE, 76/756/CEE, 76/757/CEE, 76/758/CEE, 76/759/CEE, 76/760/CEE, 76/761/CEE, 76/762/CEE, 77/389/CEE, 77/538/CEE, 77/539/CEE, 77/540/CEE, 77/541/CEE, 77/649/CEE, 78/316/CEE, 78/317/CEE, 78/318/CEE, 78/549/CEE, 78/932/CEE, 89/297/CEE, 91/226/CEE, 92/21/CEE, 92/22/CEE, 92/24/CEE, 92/114/CEE, 94/20/CE, 95/28/CE, 96/27/CE, 96/79/CE, 97/27/CE, 98/91/CE, 2000/40/CE, 2001/56/CE, 2001/85/CE, 2003/97/CE le héifeacht ón 1 Samhain 2014.

2. Aisghairfear Treoir 92/23/CEE le héifeacht ón 1 Samhain 2017.

3. Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 20

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2011.

Beidh feidhm ag Airteagal 13(15), ag Airteagal 14 agus ag pointí 1(a)(iii), 1(b)(iii) agus (iv), 2(c), 3(a)(iii), 3(b)(iii), 3(c)(iii), 3(d)(iii), 3(e)(iii) agus 3(f)(i) d'Iarscríbhinn III ón 20 Lúnasa 2009.

Beidh feidhm ag pointí 1(a)(i), 1(b)(i), 2(a), 3(a)(i), 3(b)(i), 3(c)(i), 3(d)(i), 3(e)(i) agus 3(f)(ii) d'Iarscríbhinn III ón 1 Samhain 2014.

Beidh feidhm ag pointí 1(a)(ii), 1(b)(ii), 2(b), 3(a)(ii), 3(b)(ii), 3(c)(ii), 3(d)(ii), 3(e)(ii) agus ag pointe 4 d'Iarscríbhinn III ón 1 Samhain 2017.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Júil 2009.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

E. ERLANDSSON

Ábhar	Infheidhmeacht									
	M ₁	M ₂	M ₃	N ₁	N ₂	N ₃	O ₁	O ₂	O ₃	O ₄
Rialaitheoirí, nodchomharthaí agus táscairí a shainnithint	X	X	X	X	X	X				
Dí-reo/dínéalú	X	(¹)	(¹)	(¹)	(¹)	(¹)				
Nigh/cuimil	X	(²)	(²)	(²)	(²)	(²)				
Córais téimh	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Rothghardaí	X									
Tacaí cinn	X									
Cosaint chliathánach					X	X			X	X
Córais choiscthe sprae					X	X			X	X
Gloiniú sábháilteachta	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Boinn	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Feistí teorannaithe luais		X	X		X	X				
Maiseanna agus toisí	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Starrphointí seachtracha cábán				X	X	X				
Cúplálacha	X (³)	X (³)	X (³)	X (³)	X (³)	X (³)	X	X	X	X
Inadhainteacht			X							
Busanna agus cóistí		X	X							
Tuairt tosaigh	X (⁴)									
Tuairt chliathánach	X (⁵)			X (⁵)						
Feithiclí atá beartaithe chun earraí contúirteacha a iompar				X (⁶)	X (⁶)	X (⁶)	X (⁶)	X (⁶)	X (⁶)	X (⁶)
Cosaint fhochrochta tosaigh					X	X				

(¹) Déanfar feithiclí den chatagóir seo a fheistiú le feiste leormhaidh díreoite agus dínéalaithe gaothscátha.

(²) Déanfar feithiclí den chatagóir seo a fheistiú le feistí leormhaidhe nite agus cuimilte gaothscátha.

(³) I gcás ina bhfuil an fheithicil feistithe le cúplálacha agus sa chás sin amháin.

(⁴) Gan dul thar mhais uasta ualaithe 2,5 tona atá ceadaithe go teicniúil.

(⁵) Infheidhme i gcás feithicil nach bhfuil an 'pointe tagartha suíocháin ('R'-phointe)' den suíochán is ísle atá iontu níos mó ná 700 mm os cionn leibhéal na talún. Déantar sainmhíniú ar an 'R'-phointe i Rialachán 95 UNECE.

(⁶) I gcás ina ndéanann an monaróir iarratas ar chineál-cheadú feithicil atá beartaithe chun earraí contúirteacha a iompar agus sa chás sin amháin.

IARSCRÍBHINN II

Ceanglais a bhaineann le boinn i ndáil le fliuchghreim, friotaíocht rollta agus torann rollta

CUID A – NA CEANGLAIS A BHAINNEANN LE FLIUCHGHREIM

Comhlíonfaidh boinn aicme C1 na ceanglais seo a leanas:

Catagóir úsáide	Treoirimhir don fliuchghreim (G)
bonn sneachta ag a bhfuil siombail luais ('Q' nó faoina bhun, gan 'H' a áireamh) lena dtaispeántar luas uasta incheadaithe nach mó ná 160 km/h	≥ 0,9
bonn sneachta ag a bhfuil siombail luais ('R' agus os a chionn, agus 'H' san áireamh) lena dtaispeántar luas uasta incheadaithe is mó ná 160 km/h	≥ 1,0
gnáthbhonn (de chineál bóthair)	≥ 1,1

CUID B – NA CEANGLAIS A BHAINNEANN LE FRIOTAÍOCHT ROLLTA

Ní bheidh na luachanna uasta don chomhéifeacht friotaíochta rollta i gcomhair gach cineáil boinn ar leith, arna dtomhas i gcomhréir le ISO 28580, níos airde ná na luachanna seo a leanas:

Tábla 1

Aicme boinn	Luach uasta (kg/tona) 1ú céim
C1	12,0
C2	10,5
C3	8,0

Tábla 2

Aicme boinn	Luach uasta (kg/tona) 2ú céim
C1	10,5
C2	9,0
C3	6,5

I gcás bonn sneachta, méadófar na teorainneacha atá i dTábla 2 de 1kg/tona.

CUID C – CEANGLAIS A BHAINNEAN LE TORANN ROLLTA

1. Ní bheidh na leibhéil torainn a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta atá sonraithe sna bearta cur chun feidhme a ghabhann leis an Rialachán seo níos mó ná na teorainneacha atá sonraithe i bpointe 1.1 nó i bpointe 1.2. Is é atá sna Táblaí i bpointe 1.1 agus i bpointe 1.2 ná léiriú ar na luachanna tomhaiste arna gceartú i gcomhair teochta, ach amháin i gcás bhoinn C3, agus arna gceartú i gcomhair lamháltais uirlise agus arna gcothromú síos go dtí an slánluach is gaire.

- 1.1. Boinn aicme C1 a mhéid a bhaineann le leithead ainmniúil theascán an bhoinn a tástáladh:

Aicme boinn	Leithead theascán ainmniúil an bhoinn (mm)	Luachanna teorainneacha in dB(A)
C1A	≤ 185	70
C1B	> 185 ≤ 215	71
C1C	> 215 ≤ 245	71
C1D	> 245 ≤ 275	72
C1E	> 275	74

I gcás bonn sneachta, bonn breisualaih nó bonn treisithe, nó i gcás aon teaglaim de na haicmithe sin, méadófar na teorainneacha thuasluaite de 1 dB(A).

- 1.2. Boinn aicme C2 agus aicme C3 a mhéid a bhaineann le catagóir úsáide an réimse bonn:

Aicme boinn	Catagóir úsáide	Luachanna teorainneacha in dB(A)
C2	Gnáthbhoinn	72
	Boinn tarraingthe	73
C3	Gnáthbhoinn	73
	Boinn tarraingthe	75

I gcás bonn úsáide speisialta, méadófar na teorainneacha thuasluaite de 2 dB(A). Ceadófar 2 dB(A) breise i gcás bonn sneachta i gcatagóir C2 de bhoinn tarraingthe. I gcás gach catagóra eile de bhoinn C2 agus C3, ceadófar 1 dB(A) breise do bhoinn sneachta.

IARSCRÍBHINN III

Leasuithe ar Threoir 2007/46/CE

Leasaítear Treoir 2007/46/CE leis seo mar a leanas:

1. Leasófar Cuid I d'Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) leasófar an tábla mar a leanas:

(i) scriosfar pointí 3 go 10, 12 go 38, 42 go 45 agus 47 go 57;

(ii) scriosfar pointe 46;

(iii) cuirfear isteach an tsraith seo a leanas:

Ítim	Ábhar	Tagairt don ghníomh rialála	Tagairt san Iris Oifigiúil	Infheidhmeacht										
				M ₁	M ₂	M ₃	N ₁	N ₂	N ₃	O ₁	O ₂	O ₃	O ₄	
'63	Sábháilteacht ghinearálta	Rialachán (CE) Uimh. 661/2009	IO L 200, 31.7.2009, lch. 1.	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X

(b) leasófar an Fhoscríbhinn mar a leanas:

(i) scriosfar pointí 3 go 10, 12 go 37, 44, 45 agus 50 go 54 den tábla;

(ii) scriosfar pointe 46 den tábla;

(iii) cuirfear an tsraith seo a leanas isteach sa tábla:

	Ábhar	Tagairt don ghníomh rialála	Tagairt san Iris Oifigiúil	M ₁
'63	Sábháilteacht ghinearálta	Rialachán (CE) Uimh. 661/2009	IO L 200, 31.7.2009, lch. 1.	P/A'

(iv) cuirfear an téacs seo a leanas isteach san 'Eochair':

'P/A: Tá an Rialachán seo infheidhme go páirteach. Déantar raon feidhme beacht a fheidhme a bhunú sna bearta cur chun feidhme a ghabhann leis an Rialachán seo.'

2. San Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VI, leasófar an tábla mar a leanas:

(a) scriosfar pointí 3 go 10, 12 go 38, 42 go 45 agus 47 go 57;

(b) scriosfar pointe 46;

(c) cuirfear isteach an tsraith seo a leanas:

	Ábhar	Tagairt don ghníomh rialála ⁽¹⁾	Arna leasú le	Infheidhme maidir leis na leaganacha
'63	Sábháilteacht ghinearálta	Rialachán (CE) Uimh. 661/2009'		

(e) i bhFoscábhinn 5, leasófar an tábla mar a leanas:

(i) scriosfar pointí 3 go 10, 12 go 36, 42 go 45 agus 47 go 57;

(ii) scriosfar pointe 46;

(iii) cuirfear isteach an tsraith seo a leanas:

Ítim	Ábhar	Tagairt don ghníomh rialúcháin	Craein soghluaiste de chatagóir N ₃
'63	Sábháilteacht ghinearálta	Rialachán (CE) Uimh. 661/2009	P/A'

(f) leasófar 'Míniú litreacha' mar a leanas:

(i) scriosfar pointí C, U, W₅ agus W₆;

(ii) cuirfear an téacs seo a leanas leis:

'P/A: Tá an gníomh rialúcháin seo infheidhme go páirteach. Déantar raon feidhme beacht a fheidhme a bhunú i mbearta cur chun feidhme an Rialacháin seo.'

4. Sa tábla in Iarscríbhinn XV, scriosfar pointe 46.

*IARSCRÍBHINN IV***Liosta Rialacháin UNECE is infheidhme ar bhonn éigeantach**

IARSCRÍBHINN V

Dátaí cur chun feidhme na gceanglas do chórais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta i gcás feithiclí chatagóirí M₂, M₃, N₂, N₃, O₃ agus O₄

Tábla 1 – Dátaí cur chun feidhme do chineálacha nua feithiclí

Catagóir feithicle	Dáta cur chun feidhme
M ₂	11 Iúil 2013
M ₃ (Aicme III)	1 Samhain 2011
M ₃ < 16 tona (traiseoladh neomatach)	1 Samhain 2011
M ₃ (Aicme II agus B) (traiseoladh hidrálach)	11 Iúil 2013
M ₃ (Aicme III) (traiseoladh hidrálach)	11 Iúil 2013
M ₃ (Aicme III) (traiseoladh rialaithe neomataigh agus traiseoladh fuinnimh hidrálaigh)	11 Iúil 2014
M ₃ (Aicme II) (traiseoladh rialaithe neomataigh agus traiseoladh fuinnimh hidrálaigh)	11 Iúil 2014
M ₃ (seachas iad sin thuasluaite)	1 Samhain 2011
N ₂ (traiseoladh hidrálach)	11 Iúil 2013
N ₂ (traiseoladh rialaithe neomataigh agus traiseoladh fuinnimh hidrálaigh)	11 Iúil 2014
N ₂ (seachas iad sin thuasluaite)	11 Iúil 2012
N ₃ (tarracóirí 2 acastóir le haghaidh leathleantóirí)	1 Samhain 2011
N ₃ (tarracóirí 2 acastóir le haghaidh leathleantóirí ag a bhfuil traiseoladh rialaithe neomataigh (ABS))	1 Samhain 2011
N ₃ (feithiclí 3 acastóir ag a bhfuil traiseoladh rialaithe leictreonaigh (EBS))	1 Samhain 2011
N ₃ (feithiclí 2 acastóir agus 3 acastóir ag a bhfuil traiseoladh rialaithe neomataigh (ABS))	11 Iúil 2012
N ₃ (seachas iad sin thuasluaite)	1 Samhain 2011
O ₃ (ualach acastóra iomlán idir 3,5 agus 7,5 tonna)	11 Iúil 2012
O ₃ (seachas iad sin thuasluaite)	1 Samhain 2011
O ₄	1 Samhain 2011

Tábla 2 – Dátaí cur chun feidhme d'fheithiclí nua

Catagóir feithicle	Dáta cur chun feidhme
M ₂	11 Iúil 2015
M ₃ (Aicme III)	1 Samhain 2014
M ₃ < 16 thona (traiseoladh neomatach)	1 Samhain 2014
M ₃ (Aicme II agus B) (traiseoladh hiodrálach)	11 Iúil 2015
M ₃ (Aicme III) (traiseoladh hiodrálach)	11 Iúil 2015
M ₃ (Aicme III) (traiseoladh rialaithe neomataigh agus traiseoladh fuinnimh hiodrálaigh)	11 Iúil 2016
M ₃ (Aicme II) (traiseoladh rialaithe neomataigh agus traiseoladh fuinnimh hiodrálaigh)	11 Iúil 2016
M ₃ (seachas iad sin thuasluaite)	1 Samhain 2014
N ₂ (traiseoladh hiodrálach)	11 Iúil 2015
N ₂ (traiseoladh rialaithe neomataigh agus traiseoladh fuinnimh hiodrálaigh)	11 Iúil 2016
N ₂ (seachas iad sin thuasluaite)	1 Samhain 2014
N ₃ (tarracóirí 2 acastóir le haghaidh leathleantóirí)	1 Samhain 2014
N ₃ (tarracóirí 2 acastóir le haghaidh leathleantóirí ag a bhfuil traiseoladh rialaithe neomataigh (ABS))	1 Samhain 2014
N ₃ (feithiclí 3 acastóir ag a bhfuil traiseoladh rialaithe leictreonaigh (EBS))	1 Samhain 2014
N ₃ (feithiclí 2 agus 3 acastóir ag a bhfuil traiseoladh rialaithe neomataigh (ABS))	1 Samhain 2014
N ₃ (seachas iad sin thuasluaite)	1 Samhain 2014
O ₃ (ualach acastóra iomlán idir 3,5 agus 7,5 tonna)	1 Samhain 2014
O ₃ (seachas iad sin thuasluaite)	1 Samhain 2014
O ₄	1 Samhain 2014

RIALACHÁN (CE) Uimh. 662/2009 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 13 Iúil 2009

lena mbunaítear nós imeachta maidir le comhaontuithe idir Ballstáit agus tríú tíortha a chaibidil agus a thabhairt i gcrích ar ábhair áirithe a bhaineann leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha agus neamhchonarthacha

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 61(c), Airteagal 65 agus Airteagal 67(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Teideal IV de Chuid a Trí den Chonradh don bhunús dlí chun reachtaíocht an Chomhphobail a ghlacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta.
- (2) Go traidisiúnta is le comhaontuithe idir Ballstáit agus tríú tíortha a rinneadh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a rialú idir Ballstáit agus tríú tíortha. Is minic a léiríonn comhaontuithe den sórt sin, a bhfuil líon mór díobh ann, naisc speisialta idir Ballstát agus tríú tír, agus arb é is aidhm leo creat dlíthiúil leordhóthanach a chur ar fáil chun riachtanais shainiúla na bpáirtithe lena mbaineann a chomhlíonadh.
- (3) Le hAirteagal 307 den Chonradh ceanglaítear ar na Ballstáit gach céim is gá a ghlacadh chun deireadh a chur le haon neamhlúid idir *acquis* an Chomhphobail agus comhaontuithe idirnáisiúnta arna gcur i gcrích idir Ballstáit agus tríú tíortha. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin gur gá na comhaontuithe sin a athchaibidliú.
- (4) D'fhonn creat dlíthiúil leordhóthanach a chur ar fáil chun riachtanais shainiúla Bhallstáit áirithe a chomhlíonadh mar chuid den chaidreamh atá ag an mBallstát sin le tríú tír, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá follasach le comhaontuithe nua a thabhairt i gcrích le tríú tíortha maidir le réimsí ceartais shibhialta a thagann faoi réim Theideal IV de Chuid a Trí den Chonradh.

- (5) Ina Tuairim 1/03 an 7 Feabhra 2006 maidir le Coinbhinsiún nua Lugano a thabhairt i gcrích, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach go bhfuil inniúlacht eisiach faighte ag an gComhphobal chun comhaontuithe idirnáisiúnta amhail Coinbhinsiún Lugano a chur i gcrích le tríú tíortha ar ábhair a dhéanfaidh difear do na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ⁽²⁾ (An Bhruiséil I).
- (6) De bhun Airteagal 300 den Chonradh, is faoin gComhairle atá sé comhaontuithe idir an Comhphobal agus tríú tír a thabhairt i gcrích ar ábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Chomhphobail.
- (7) Le hAirteagal 10 den Chonradh, ceanglaítear ar Bhallstáit comhlíonadh chúraimí an Chomhphobail a éascú agus gan aon bheart a ghlacadh a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Chonartha a chur i mbaol. Tá feidhm ghinearálta ag an dualgas seo comhoibriú go dílis agus ní bhraitheann sé ar inniúlacht an Chomhphobail a bheith eisiach nó gan a bheith eisiach.
- (8) Maidir le comhaontuithe le tríú tíortha ar shaincheisteanna a bhaineann le ceartas sibhialta a thagann faoi inniúlacht eisiach an Chomhphobail, ba cheart nós imeachta comhtháite agus trédhearcach a bhunú chun údarú a thabhairt do Bhallstát comhaontú atá ann cheana féin a leasú nó comhaontú nua a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, go háirithe i gcás nár thug an Comhphobal féin le fios go bhfuil sé beartaithe aige a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú ar mhaithe le comhaontú a thabhairt i gcrích trí shainordú caibidilíochta atá ann cheana féin nó trí shainordú caibidilíochta a bhfuil sé i gceist é a úsáid. Níor cheart go ndéanfaidh an nós imeachta seo dochar d'inniúlacht eisiach an Chomhphobail ná d'fhorálacha Airteagal 300 agus Airteagal 307 den Chonradh. Ba cheart go mbreathnófaí air mar bheart eisceachtúil agus ba cheart dó a bheith teoranta ó thaobh raon feidhme agus ama de.
- (9) Níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo má tá comhaontú tugtha i gcrích cheana féin ag an gComhphobal leis an tríú tír lena mbaineann ar an ábhar céanna. Níor cheart a mheas go mbaineann an dá chomhaontú leis an ábhar céanna ach amháin má rialaíonn siad, agus sa mhéid go rialaíonn siad, ó thaobh substainte de, na saincheisteanna dlíthiúla céanna. Níor cheart a mheas go mbaineann forálacha leis an ábhar céanna má luaitear sna forálacha sin go bhfuil sé i gceist i gcoitinne comhar a bheith ann ar shaincheisteanna den sórt sin.

⁽¹⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 7 Iúil 2009.

⁽²⁾ IO L 12, 16.1.2001, lch. 1.

- (10) Mar chás eisceachtúil, ba cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo chomh maith, comhaontuithe áirithe idir roinnt Bhallstát agus roinnt tríú tíortha, mar shampla dhá nó trí Bhallstát nó tríú tír, ina bhfuil sé i gceist aghaidh a thabhairt ar staideanna áitiúla agus nach bhfuil ar oscailt d'aontachas do Stáit eile.
- (11) D'fhonn a áirithiú nach bhfágfadh comhaontú arna bheartú ag Ballstát dlí an Chomhphobail neamhéifeachtach agus nach ndéanfaidh sé dochar d'fheidhmiú ceart an chórais arna bhunú ag an dlí sin, nó nach ndéanfaidh sé dochar do chaidreamh seachtrach an Chomhphobail faoi mar a bheidh cinntithe ag an gComhphobal, ba cheart go mbeadh sé de cheanglas ar an mBallstát lena mbaineann fógra a thabhairt don Choimisiún ar a bhfuil sé i gceist ag an mBallstát sin a dhéanamh d'fhonn údarú a fháil chun tús a chur le caibidlíocht fhoirmiúil ar chomhaontú nó chun leanúint dóibh mar aon le comhaontú a thabhairt i gcrích. Ba cheart go dtabharfaí an fógra sin le litir nó trí mheán leictreonach. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis agus an doiciméadú ábhartha ar fad san fhógra sin chun go mbeidh sé de chumas ag an gCoimisiún iarmhairt ionchasach thoradh na caibidlíochta ar dhlí an Chomhphobail a mheas.
- (12) Ba cheart go measfaí an leor é an leas a bheadh ann don Chomhphobal comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích idir an Comhphobal agus an tríú tír lena mbaineann nó, i gcás inarb iomchuí, an leor é an leas a bheadh ann don Chomhphobal comhaontú Comhphobail a chur in ionad comhaontaithe dhéthaobhaigh atá ann idir Ballstát agus tríú tír. Chuige sin, ba cheart go mbeadh gach Ballstát ar an eolas maidir le haon fhógra a bheidh faighte ag an gCoimisiún a bhainfidh le comhaontú arna bheartú ag Ballstát, d'fhonn a cheadú dóibh a suim a léiriú páirt a ghlacadh i dtionscnamh an Bhallstáit a thugann an fógra. Dá mba rud é go dtarraingeofaí dóthain suime ar leibhéal an Chomhphobail de thoradh an mhalartaithe faisnéise sin, ba cheart go smaoinodh an Coimisiún ar shainordú caibidlíochta a chur chun cinn, d'fhonn comhaontú idir an Comhphobal agus an tríú tír lena mbaineann a thabhairt i gcrích.
- (13) Má iarann an Coimisiún faisnéis bhreise ó Bhallstát maidir lena mheasúnú ar cheart a údarú don Bhallstát sin tús a chur le caibidlíocht le tríú tír, níor cheart go ndéanfaidh an t-iaratas sin difear do na teorainneacha ama faoina ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh réasúnaíthe a thabhairt uaidh maidir le hiarratas an Bhallstáit sin.
- (14) Agus tús na caibidlíochta foirmiúla á údarú, ba cheart go mbeadh sé de chumas ag an gCoimisiún, más gá sin, treoirlínte caibidlíochta a chur chun cinn nó a iarraidh go gcuirfí san áireamh clásail áirithe sa chomhaontú arna bheartú. Ba cheart go gcuirfí an Coimisiún ar an eolas go hiomlán i rith céimeanna éagsúla na caibidlíochta a mhéid a bhaineann sí le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus ba cheart go mbeadh cead aige a bheith páirteach mar bhreathnadóir sa chaididlíocht maidir leis na hábhair sin.
- (15) Agus fógra á thabhairt don Choimisiún faoin rún atá acu dul i mbun caibidlíochta le tríú tír, níor cheart go mbeadh sé de cheanglas ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas ach maidir le gnéithe a bhaineann leis an measúnú a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún. Ba cheart nach mbainfeadh údarú an Choimisiúin agus aon treoirlínte caibidlíochta feideartha nó, de réir mar a bheidh, an diúltú ón gCoimisiún ach leis na hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (16) Ba cheart go gcuirfí na Ballstáit go léir ar an eolas maidir le haon fhógra a thabharfar don Choimisiún a bhaineann le comhaontuithe a bheidh beartaithe nó a bheidh caibidilthe agus mar gheall ar aon chinneadh réasúnaíthe ón gCoimisiún faoin Rialachán seo. Ba cheart go gcomhlíonfadh faisnéis den sórt sin ceanglais rúndachta fhéidearthacha go hiomlán, áfach.
- (17) Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún a áirithiú gurb i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ⁽¹⁾ a dhéileálfar le haon fhaisnéis atá sainithe mar fhaisnéis rúnda.
- (18) I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag an gCoimisiún, ar bhonn a mheasúnachta, gan a údarú go gcuirfí tús le caibidlíocht fhoirmiúil, ná go dtabharfaí comhaontú a bheadh idirbheartaithe cheana féin i gcrích, ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún tuairim don Bhallstát lena mbaineann sula dtabharfadh sé uaidh a chinneadh réasúnaíthe. I gcás ina ndiúltófar go n-údarófaí comhaontú caibidilthe a thabhairt i gcrích, ba cheart an tuairim a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.
- (19) D'fhonn a áirithiú nach gcuirfeadh an comhaontú caibidilthe bac ar chur chun feidhme bheartas seachtrach an Chomhphobail maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus tráchtála, ba cheart go bhforálfaí leis an gcomhaontú go ndéanfaí é a shéanadh go hiomlán nó go páirteach i gcás ina ndéanfaí comhaontú a thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin idir an Comhphobal nó an Comhphobal agus a Bhallstát ar an taobh amháin, agus an tríú tír céanna ar an taobh eile, ar an ábhar céanna nó go gcuirfí forálacha an chomhaontuithe a dhéanfaí ina dhiaidh sin go díreach in ionad forálacha ábhartha an chomhaontaithe le forálacha chomhaontaithe iardain den sórt sin.
- (20) Ba cheart foráil a dhéanamh do bhearta idir-thréimhseacha lena gcumhdófaí cásanna ina mbeadh Ballstát tar éis dul i mbun caibidlíochta le tríú tír nó ina mbeadh an chaididlíocht tugtha i gcrích aige tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ach nach bhfuil sé tugtha le fios aige fós gur toil leis go mbeadh an chomhaontú ina cheangal air.

⁽¹⁾ IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

- (21) D'fhonn a áirithiú go bhfuil dóthain taithí faighte maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le hiarratas den sórt sin a chur isteach tráth nach luaithe ná ocht mbliana tar éis ghlacadh an Rialacháin seo. Agus a shainchumais á bhfeidhmiú aige, ba cheart don Choimisiún stádas sealadach an Rialacháin seo a dheimhniú sa tuarascáil sin, nó ba cheart dó scrúdú a dhéanamh ar cheart Rialachán nua lena gcumhdófaí an t-ábhar céanna nó ina n-áireofaí freisin sainábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Chomhphobail agus atá á rialú ag ionstraimí eile de chuid an Chomhphobail, dá dtagraítear in aithris (5), a chur in ionad an Rialacháin seo.
- (22) Má dheimhniú an tuarascáil arna tiolacadh ag an gCoimisiún gur Rialachán sealadach é an Rialachán seo, ba cheart go mbeadh sé de chumas fós ag na Ballstáit, tar éis an tuarascáil a thíolacadh, fógra a thabhairt don Choimisiún i leith caibidilíochtaí leanúnacha nó caibidilíochtaí a bheidh fógartha cheana d'fhonn údarú a fháil chun tús a chur le caibidilíochtaí foirmiúla.
- (23) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a bhaint amach.
- (24) I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótocal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éire gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (25) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótocal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo bunaítear nós imeachta chun aon Bhallstát a údarú chun comhaontú atá ann cheana a leasú, nó comhaontú nua le tríú tír a chaibidil agus a thabhairt i gcrích faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

Tá an nós imeachta sin gan dochar d'inniúlachtaí an Chomhphobail agus na mBallstát faoi seach.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i gcás comhaontuithe a bhaineann le hábhair áirithe agus atá, go hiomlán nó i bpáirt, laistigh de raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) ⁽¹⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II) ⁽²⁾.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo más rud é go bhfuil an Comhphobal tar éis comhaontú a thabhairt i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann ar an ábhar céanna.

Airteagal 2

Sainmhínte

1. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn an téarma 'comhaontú':

(a) comhaontú déthaobhach idir Ballstát agus tríú tír;

(b) comhaontú réigiúnach idir líon teoranta de Bhallstáit agus de thríú tíortha atá i gcomharsanacht na mBallstát sin agus a bhfuil sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar staideanna áitiúla agus nach bhfuil ar oscailt d'aontachas do Stáit eile.

2. I gcomhthéacs na gcomhaontaithe réigiúnacha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, déanfar aon tagairt sa Rialachán seo do Bhallstát nó do thríú tír a léamh mar thagairt do na Ballstáit nó do na tríú tíortha lena mbaineann, faoi seach.

Airteagal 3

Fógra a thabhairt don Choimisiún

1. I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag Ballstát tús a chur le caibidilíocht d'fhonn comhaontú atá ann cheana a leasú, nó comhaontú nua a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a thabhairt i gcrích, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún i scríbhinn faoina bhfuil i gceist aige a luaithe is féidir roimh thús na caibidilíochta foirmiúla atá beartaithe.

2. De réir mar is iomchuí, áireofar san fhógra sin cóip den chomhaontú atá ann, den dréachtchomhaontú nó den dréachtthogra, agus aon doiciméadú ábhartha eile. Déanfaidh an Ballstát cur síos ar ábhar na caibidilíochta agus sonrúidh sé na saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhaontú atá beartaithe, nó forálacha an chomhaontaithe atá ann cheana, atá le leasú. Féadfaidh an Ballstát aon fhaisnéis bhreise eile a sholáthar.

Airteagal 4

Measúnú ag an gCoimisiún

1. Ar an bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 3 a fháil, déanfaidh an Coimisiún a mheas cibé acu an bhféadfaidh an Ballstát tabhairt faoi chaibidilíocht nó nach féidir.

⁽¹⁾ IO L 177, 4.7.2008, lch. 6.

⁽²⁾ IO L 199, 31.7.2007, lch. 40.

2. Agus an measúnú sin á dhéanamh aige, déanfaidh an Coimisiún seiceáil ar dtús cibé an mbeartaítear aon sainordú caibidlíochta a thabhairt i gcrích d'fhonn comhaontú Comhphobail a dhéanamh leis an tríú tír lena mbaineann go sonrach laistigh den 24 mhí atá le teacht. Murab amhlaidh an cás, déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:

- (a) gur chuir an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis ar fáil lena léirítear go bhfuil leas ar leith ann dó an comhaontú a thabhairt i gcrích de bharr na nasc eacnamaíochta, geografach, cultúrtha, stairiúil, sóisialta nó polaitiúil idir an Ballstát agus an tríú tír lena mbaineann;
- (b) ar bhonn na faisnéise a chuir an Ballstát ar fáil, ní léir go bhfágann an comhaontú atá beartaithe dlí an Chomhphobail neamhéifeachtach ná ní léir go ndéanann sé dochar d'fheidhmiú ceart an chórais arna bhunú ag rialacha an dlí sin; agus
- (c) nach ndéanann an comhaontú atá beartaithe dochar d'aidhm ná do chuspóir bheartas chaidrimh sheachtraigh an Chomhphobail arna chinneadh ag an gComhphobal.

3. Féadfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh mura mbeidh an fhaisnéis a bheidh tarchurtha ag an mBallstát leordhóthanach chun críche an measúnú a dhéanamh.

Airteagal 5

Údarú chun tús a chur le caibidlíocht fhoirmiúil

1. Má chomhlíontar leis an gcomhaontú atá beartaithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), tabharfaidh an Coimisiún, laistigh de 90 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear in Airteagal 3 a fháil, cinneadh réasúnaithe uaidh ar iarratas an Bhallstáit, údarú don Bhallstát sin tús a chur le caibidlíocht fhoirmiúil a chur ar bun maidir leis an gcomhaontú sin.

Más gá, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a mholadh maidir le caibidlíocht agus féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chun clásail ar leith a chur isteach sa chomhaontú atá beartaithe.

- 2. Sa chomhaontú atá beartaithe beidh clásal ina bhforáiltear:
 - (a) do shéanadh iomlán nó páirteach i leith an chomhaontaithe i gcás ina dtabharfar comhaontú i gcrích ina dhiaidh sin idir an Comhphobal nó an Comhphobal agus a Bhallstáit ar an taobh amháin agus an tríú tír céanna, ar an taobh eile, ar an ábhar céanna; nó
 - (b) d'fhorálacha comhaontaithe arna thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin idir an Comhphobal nó an Comhphobal agus a Bhallstáit ar an taobh amháin agus an tríú tír céanna, ar an taobh eile, ar an ábhar céanna a chur in áit na bhforálacha lena mbaineann sa chomhaontú.

Is ar aon dul leis an méid seo a leanas a dhréachtófar an clásal dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír: 'séanfaidh (ainm an Bhallstáit nó ainmneacha na mBallstáit) an Comhaontú seo go páirteach nó go hiomlán más rud é go dtabharfaidh an Comhphobal Eorpach nó an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit Comhaontú i gcrích le (ainm na tríú tíre nó ainmneacha na dtríú tíortha) ar na hábhair chéanna den cheartas sibhialta arna rialú ag an gComhaontú seo'.

Is ar aon dul leis an méid seo a leanas a dhréachtófar an clásal dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír: 'Ní bheidh feidhm ag an gComhaontú seo ná ag forálacha áirithe an Chomhaontaithe seo an lá a dtiocfaidh comhaontú idir an Comhphobal Eorpach nó an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, ar an taobh amháin, agus (ainm na tríú tíre nó ainmneacha na dtríú tíortha), ar an taobh eile, i bhfeidhm maidir leis na hábhair arna rialú ag an gComhaontú sin'.

Airteagal 6

Údarú thús caibidlíochta fhoirmiúil a dhiúltú

1. Má tá sé i gceist ag an gCoimisiún, ar bhonn a mheasúnaithe faoi Airteagal 4, gan tús na caibidlíochta fhoirmiúil ar an gcomhaontú beartaithe a údarú, tabharfaidh sé a thuairim don Bhallstát lena mbaineann laistigh de 90 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear in Airteagal 3 a fháil.

2. Laistigh de 30 lá tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun plé leis d'fhonn teacht ar réiteach.

3. Mura n-iarraídh an Ballstát lena mbaineann ar an gCoimisiún dul i mbun plé leis laistigh den teorainn ama a leagtar síos i mír 2, tabharfaidh an Coimisiún cinneadh réasúnaithe uaidh ar iarratas an Bhallstáit laistigh de 130 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear in Airteagal 3 a fháil.

4. I gcás an phlé dá dtagraítear i mír 2, tabharfaidh an Coimisiún cinneadh réasúnaithe uaidh ar iarratas an Bhallstáit laistigh de 30 lá tar éis don phlé a bheith críochnaithe.

Airteagal 7

Rannpháirtíocht an Choimisiúin sa chaibidlíocht

Féadfaidh an Coimisiún a bheith rannpháirteach mar bhreathnadóir sa chaibidlíocht idir an Ballstát agus an tríú tír a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Mura mbeidh an Coimisiún rannpháirteach mar bhreathnadóir, coinneofar ar an eolas é faoin dul chun cinn agus faoi na torthaí le linn chéimeanna difriúla na caibidlíochta.

*Airteagal 8***Údarú chun an comhaontú a thabhairt i gcrích**

1. Sula síneofar comhaontú arna chaibidil, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra faoi thoradh na caibidlíochta don Choimisiún agus tarchuirfidh sé téacs an chomhaontaithe chuige.

2. Chomh luath agus a gheobhaidh sé an fógra sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cibé acu:

(a) an gcomhlíonann an comhaontú caibidilthe an coinníoll a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 4(2) nó nach gcomhlíonann;

(b) an gcomhlíonann an comhaontú caibidilthe an coinníoll a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 4(2) nó nach gcomhlíonann, a mhéid atá tosca nua nó eisceachtúla ann maidir leis an gcoinníoll sin; agus

(c) an gcomhlíonann an comhaontú caibidilthe an ceanglas faoi Airteagal 5(2) nó nach gcomhlíonann.

3. Má chomhlíontar leis an gcomhaontú caibidilthe na coinníollacha agus na ceanglais dá dtagraítear i mír 2, tabharfaidh an Coimisiún, laistigh de 90 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1, cinneadh réasúnaithe uaidh ar iarratas an Bhallstáit, údarú don Bhallstát sin an comhaontú a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 9***Diúltú maidir le húdarú comhaontaithe a thabhairt i gcrích**

1. Má tá sé i gceist ag an gCoimisiún, ar bhonn a mheasúnaithe faoi Airteagal 8(2), gan an comhaontú caibidilthe a thabhairt i gcrích, tabharfaidh sé a thuairim don Bhallstát lena mbaineann, agus do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, laistigh de 90 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a fháil.

2. Laistigh de 30 lá tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarradh ar an gCoimisiún dul i mbun plé leis d'fhonn réiteach a fháil.

3. Mura n-iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann ar an gCoimisiún dul i mbun plé leis laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear i mír 2, tabharfaidh an Coimisiún cinneadh réasúnaithe uaidh ar iarratas an Bhallstáit laistigh de 130 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a fháil.

4. I gcás an phlé dá dtagraítear i mír 2, tabharfaidh an Coimisiún cinneadh réasúnaithe uaidh ar iarratas an Bhallstáit laistigh de 30 lá tar éis don phlé a bheith críochnaithe.

5. Cuirfidh an Coimisiún a chinneadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle laistigh de 30 lá tar éis don chinneadh a bheith déanta.

*Airteagal 10***Rúndacht**

Agus faisnéis á cur ar fáil don Choimisiún faoi Airteagal 3, faoi Airteagal 4(3) agus faoi Airteagal 8, féadfaidh an Ballstát a lua cibé an gcaithfear an fhaisnéis a mheas mar fhaisnéis rúnda agus más féidir an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a roinnt le Ballstáit eile.

*Airteagal 11***Faisnéis a chur ar fáil do na Ballstáit**

Seolfaidh an Coimisiún na fógraí dá bhfaightear faoi Airteagal 3 agus faoi Airteagal 8 agus, más gá, na doiciméid a ghabhann leo, mar aon le gach cinneadh réasúnaithe dá chuid faoi Airteagal 5, 6, 8 agus 9, faoi réir na gceanglas rúndachta.

*Airteagal 12***Forálacha idirthréimhseacha**

1. I gcás ina mbeidh tús curtha cheana féin ag Ballstát le comhaontú a chaibidil tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 go hAirteagal 11.

Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a mholadh maidir le caibidlíocht nó maidir le clásail ar leith a chur isteach a iarraidh, dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2) faoi seach, nuair a cheadóidh céim na caibidlíochta é sin a dhéanamh.

2. I gcás ina mbeidh an chaibidlíocht críochnaithe ag Ballstát cheana féin ach nach mbeidh an comhaontú tugtha i gcrích tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh feidhm ag Airteagal 3, ag Airteagal 8(2) go (4) agus ag Airteagal 9.

*Airteagal 13***Athbhreithniú**

1. Tráth nach déanaí ná an 13 Iúil 2017, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

2. Tabharfaidh an tuarascáil sin

(a) deimhniú gur iomchuí don Rialachán seo dul in éag ar an dáta a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 14(1); nó

(b) moladh go gcuirfear Rialachán nua in áit an Rialacháin seo ón dáta sin.

3. Má mholann an tuarascáil seo go gcuirfí Rialachán eile in áit an Rialacháin seo faoi mar a thagraítear dó i bpointe (b) de mhír 2, cuirfear togra reachtach iomchuí in éineacht leis.

*Airteagal 14***Dul in éag**

1. Rachaidh an Rialachán seo in éag trí bliana tar éis don Choimisiún an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 13 a thíolacadh.

Tosóidh an tréimhse trí bliana dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar an gcéad lá den mhí tar éis an tuarascáil a bheith tíolactha don uair dheireanach do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, cibé acu is déanaí.

2. D'ainneoin go rachaidh an Rialachán seo in éag ar an dáta a chinnfear i gcomhréir le mír 1, ceadófar go leanfaí ar aghaidh leis an gcaibidlíocht uile, arna déanamh ag Ballstát faoin Rialachán seo, a bheidh ar siúl ar an dáta sin agus go dtabharfar i gcrích í faoi na coinníollacha a leagtar síos i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 15***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Júil 2009.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. ERLANDSSON

RIALACHÁN (CE) Uimh. 663/2009 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 13 Iúil 2009

lena mbunaítear clár chun cabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch trí chúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú ar thionscadail i réimse an fhuinnimh

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 156 agus Airteagal 175(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá lag trá géar ag bagairt ar gheilleagar na hEorpa de bharr na géarchéime airgeadais. Tá gá le hiarrachtaí urghnácha láithreacha a dhéanamh chun cur i gcoinne na staidé tromchúisí eacnamaíochta seo nach raibh a leithéid ann riamh. Chun muinín a athbhunú i measc rannpháirtithe an mhargaidh, is gá bearta a mbeidh tionchar acu ar an ngeilleagar a thabhairt chun críche gan mhoill.
- (2) Ag an am céanna, is léir go bhfuil neart fadtéarmach agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach gheilleagar na hEorpa ag brath ar athmhúnlú an gheilleagair chun aghaidh a thabhairt ar éilimh na cinnteachta fuinnimh agus ar an ngá atá le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú. Near-taítear an chonclúid sin de thoradh ar na hábhair mhéadaitheacha inmí atá ann i dtaobh soláthairtí iontaofa gáis a áirithiú.
- (3) I bhfianaise na n-ábhar inmí seo, rinne an Chomhairle Eorpach an 11 agus an 12 Nollaig 2008 tacaíocht a thabhairt, ina cuid conclúidí, don Phlean don Téarnamh Eacnamaíoch Eorpach (an Plean don Téarnamh), ar plean é a thíolaic an Coimisiún an 26 Samhain 2008 agus ina leagtar amach conas is féidir leis na Ballstáit agus leis an Aontas Eorpach a gcuid beartas a chomhordú agus spreagadh nua a thabhairt do gheilleagar na hEorpa, agus an spreagadh sin a dhírú ar chuspóirí fadtéarmacha an Chomhphobail.
- (4) Is cuid thábhachtach den Phlean don Téarnamh an togra maidir le caiteachas Comhphobail a mhéadú in earnálacha sainithe straitéiseacha, ionas go dtabharfaí aghaidh ar an easpa muiníne i measc infheisteoirí agus go dtabharfaí cuidiú i ndáil le forbairt na conaire i dtreo

geilleagair níos láidre sa todhchá. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún liosta tionscadal sonracha a thíolacadh, agus cothromaíocht leordhóthanach gheografach á cur san áireamh, chun infheistíocht i bhforbairt tionscadal bonneagair go háirithe a neartú.

- (5) Má tá an Plean don Téarnamh le bheith éifeachtach, tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí maoiniú ar bhearta a dhíreodh go tapa ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus ar riachtanais phráinneacha fuinnimh an Chomhphobail araon. Mar sin féin, níor cheart go ndéanfaí fasach a bhunú leis an gclár speisialta sin a bhunaítear leis an Rialachán seo i gcomhair rátaí cómhaoinithe sa todhchá i réimse na n-infheistíochtaí bonneagair.
- (6) Chun go mbeidh tionchar inbhraite substaintiúil ag na bearta sin, ba cheart na bearta sin a dhírú ar roinnt earnálacha sonracha ina rannchuideodh an ghníomhaíocht go soiléir leis na cuspóirí a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh agus le laghdú ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa; ina bhfuil mórthionscadail aibí ar marthain atá in ann úsáid éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint as méideanna suntasacha cúnamh airgeadais agus méideanna suntasacha infheistíochta a chatalú ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ón mBanc Eorpach Infheistíochta; agus ina gcuirfeadh gníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach breisluach leo. Is iad na hearnálacha a chomhallann na critéir sin eárnáil bhonneagar an gháis agus an leictreachais, eárnáil an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta, agus eárnáil ghabháil agus stórála carbóin. Maidir le roghnú na n-earnálacha sin, is léiriú é ar imthosca sonracha an Phlean don Téarnamh agus níor cheart go mbeadh aon cheist ann dá bharr maidir leis an ardtoaíocht a thugtar don éifeachtúlacht fuinnimh agus do chur chun cinn an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ar díriodh orthu sa Phlean don Téarnamh.
- (7) I gcás nach féidir na cistí go léir a chur in áirithe faoi dheireadh na bliana 2010, tá sé dearbhairte ag an gCoimisiún go bhfuil rún aige, nuair a bheidh tuarascáil á dhéanamh aige sa bhliain 2010 ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, bearta a mholadh, más iomchuí, lena gceadófar maoiniú a dhéanamh ar thionscadail atá i gcomhréir leis an bPlean don Téarnamh, amháil tionscadail i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus i réimse an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite.
- (8) I gcás na mbonneagar gáis agus leictreachais, tháinig dúshláin áirithe chun cinn le cúpla bliain anuas. Léirigh na géarchéimeanna gáis a bhí ann le déanaí (le linn gheimhreadh 2006 agus gheimhreadh 2009) agus an méadú ar phraghsanna ola go dtí lár na bliana 2008 soghontacht na hEorpa. Toisc go bhfuil laghdú ag teacht ar acmhainní dúchasacha fuinnimh – gás agus ola – tá méadú ag teacht ar spleáchas na hEorpa ar allmhairí chun a soláthar fuinnimh a fháil. Sa chomhthéacs sin, beidh ról ríthábhachtach ag an mbonneagar fuinnimh.

⁽¹⁾ Tuairim an 13 Bealtaine 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

⁽²⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Bealtaine 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 7 Iúil 2009.

- (9) Mar sin féin, tá an ghéarchéim reatha eacnamaíoch agus airgeadais ag fearadh ar chur chun feidhme na dtionscadal bonneagair fuinnimh. De bharr ganntanais airgid, d'fhéadfadh mórmhoill a bheith ar chur chun feidhme roinnt tionscadal tábhachtach, lena n-áirítear tionscadail chun leasa an Chomhphobail. Is iomchuí dá bhrí sin, beart práinneach a ghlacadh chun tacú le hinfeistiú sa bhonneagar fuinnimh. De bharr an méid shuntasach ama is gá chun tionscadail den chineál sin a phleanáil agus a fhorfheidhmiú dá éis sin, tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Comhphobal infheistiú sa bhonneagar sin láithreach ionas go bhféadfaidh sé, go háirithe, dlús a chur le forbairt tionscadal a mbaineann tábhacht ar leith leo maidir le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh laistigh den Chomhphobal. Beidh an méid sin rithábhachtach chun cinnteacht sholáthar fuinnimh an Chomhphobail ag praghsanna iomaíocha a áirithiú tráth a dtiocfaidh an geilleagar ar ais chuige féin agus a dtiocfaidh méadú ar an éileamh domhanda ar fhuinneamh.
- (10) As measc na dtionscadal bonneagair fuinnimh, is gá na cinn sin a roghnú atá tábhachtach ó thaobh oibriú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh de agus ó thaobh chinnteacht an tsoláthair fuinnimh de agus a rannchuideoidh freisin le téarnamh an gheilleagair.
- (11) I gcás gabhála agus stórála carbóin agus i gcás fuinnimh gaoithe amach ón gcósta go háirithe, ba cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo leis an bPlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh, a thíolaic an Coimisiún an 22 Samhain 2007, agus inar iarradh plean comhpháirteach straitéiseach maidir le taighde fuinnimh agus maidir le hiarrachtaí nuálaíochta i gcomhréir le spriocanna bheartas an AE i ndáil le fuinneamh, mar aon le gealltanais chun sé Thionscnamh Thionsclaíoch Eorpacha a bhunú. Ina cuid conclúidí, d'iarr Comhairle Eorpach an 16 Deireadh Fómhair 2008 ar an gCoimisiún dlús suntasach a chur le chur chun feidhme an Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh. Leis an gclár, tionscnaítear na maoiniú le haghaidh Gabhála agus Stórála Carbóin agus le haghaidh tionscadal fuinnimh gaoithe amach ón gcósta gan dochar do chur ar bun na sé thionscnamh thionsclaíoch amach anseo maidir le tionscadail taispeána fuinnimh mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh.
- (12) Chun tionchar láithreach a imirt ar an ngéarchéim eacnamaíoch, tá sé fíorthábhachtach go liostófaí sa Rialachán seo na tionscadail a d'fhéadfadh cúnaimh láithreach airgeadais a fháil, faoi réir chomhlíonadh na gcritéar lena n-áirítear éifeachúlacht agus éifeachtacht agus faoi réir na dtéarmaí eacnamaíoch arna socrú leis an imchlúdach airgeadais.
- (13) I gcás na dtionscadal bonneagair gáis agus leictreachais, bunaítear an liosta sin i gcomhréir le rannchuidiú an tionscadail leis na cuspóirí i ndáil le cinnteacht agus le héagsúlú soláthair mar a sainithníodh sa Dara hAthbhreithniú Straitéiseach ar Fhuinneamh ón gCoimisiún an 13 Samhain 2008, ar cuspóirí iad lenar thacaigh Parlaimint na hEorpa, ina rún an 3 Feabhra 2009, agus lenar thacaigh an Chomhairle ina conclúidí ar an 19 Feabhra 2009. Ba cheart go roghnófaí na tionscadail ar an mbonn go ndéantar na tosaíochtaí a sainithníodh san Athbhreithniú sin a chur chun feidhme leo, go bhfuil leibhéal réasúnta aibíochta bainte amach acu agus go rannchuidíonn siad leis na nithe seo a leanas: cinnteacht agus éagsúlú foinsí fuinnimh agus soláthairt; leas iomlán a bhaint as cumas an ghréasáin agus as lánpháirtíú mhargadh inmheánach an fhuinnimh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcuid trasteorann; forbairt an ghréasáin chun an comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú trí laghdú a dhéanamh ar iargúlacht na réigiún is mídhéisiúla agus na réigiún oileánach de chuid an Chomhphobail; acmhainní fuinnimh in-athnuaite a nascadh; sábháilteacht, iontaofacht agus idirinoibritheacht na ngréasán idirnasctha; agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit. Chun na tionscadail sin a chur chun feidhme, beidh gá le gealltanais ó na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla go gcuirfidh siad dlús leis na nósanna imeachta riaracháin agus leis na húdairithe. I gcás cuid mhór tionscadal, ní bheidh tacaíocht ar fáil laistigh den chreat ama a shocrófar mura dtarlaíonn an luathú sin.
- (14) I gcás fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, ba cheart go mbeadh tionscadail sa liosta ar féidir a mheas ina leith, ar bhonn na faisnéise arna bailiú ó gheallsealbhóirí faoi chuimsiú an Chláir Oibre Eorpaigh um Theicneolaíocht Fuinnimh Gaoithe, agus ó fhoinsí tionsclaíoch agus ó fhoinsí eile, go bhfuil siad formheasta agus ullamh lena gcur chun feidhme; go bhfuil siad bunaithe ar choincheapa seanbhunaithe; go mbeidh siad inluathaithe mar fhreagairt ar spreagadh airgeadais; go bhfuil tábhacht trasteorann ag baint leo; go bhfuil siad ar scála mór; agus go bhfuil siad in ann a léiriú conas a scaipfeadh torthaí an dul chun cinn teicneolaíoch go héifeachtach i bhfianaise na gcuspóirí agus na struchtúr lena dtacaítear sa Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh. Ba cheart an cúnaimh airgeadais a dhírú ar na tionscadail sin a mbeidh an deis acu dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le forbairt tionscadal sa bhliain 2009 agus sa bhliain 2010.
- (15) I gcás gabhála agus stórála carbóin, ba cheart an liosta a bhunú go formhór ar bhonn na faisnéise arna bailiú ó gheallsealbhóirí faoi chuimsiú an Fhóiraim um Breosla Iontaise, agus an Chláir Oibre um Theicneolaíocht maidir le Gléasraí Cumhachta Breosla Iontaise atá Saor ó Astaíochtaí agus ó fhoinsí eile. Ba cheart an cúnaimh airgeadais a dhírú ar na tionscadail sin a mbeidh an deis acu dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le forbairt tionscadal i 2009 agus i 2010. Ba cheart ullmhacht a mheasúnú ar an mbonn go bhfuil coincheap aibí agus féideartha ann don tsuiteáil thionsclaíoch, lena n-áirítear an chuid di a bhaineann le gabháil carbóin; go bhfuil coincheap aibí agus féideartha ann ó thaobh CO₂ a iompar agus a stóráil; agus go bhfuarthas gealltanais soiléir ó na húdaráis áitiúla go dtacóidís leis an tionscadal. Ba cheart go léireodh na tionscadail freisin conas a scaipfeadh torthaí an dul chun cinn teicneolaíochta go héifeachtach agus conas a chuirfeadh dlús leis na cuspóirí a leagadh amach sa Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh a bhaint amach.
- (16) Beidh gá le rogha a dhéanamh as measc na dtograí cáilithe. Trí roghnú den sórt sin, ba cheart go ráthófaí, inter alia, nach dtabharfar tacaíocht do níos mó ná togra amháin gabhála agus stórála carbóin i ngach Ballstát chun a áirithiú go ndéanfar scrúdú ar réimse leathan dálaí stórála geolaíochta agus chun tacú leis an gcuspóir maidir leis an téarnamh eacnamaíoch a spreagadh ar fud na hEorpa.

- (17) Níor cheart go ndéanadh maoiniú an Chomhphobail saobhadh míchuí ar an iomaíocht ná ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, ag féachaint go háirithe do na rialacha a bhaineann le rochtain ag tríú páirtí agus leis na díolúintí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le rochtain ag tríú páirtí. i gcás aon chistí náisiúnta eile a bheadh ann sa bhreis ar an maoiniú Comhphobail sin, ní mór na rialacha a bhaineann le státhabhair a chur san áireamh freisin. Maidir le cúnaimh airgeadais an Chomhphobail, ba cheart, gan spleáchas dá chineál, é a dheonú i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach⁽¹⁾ (an Rialachán Airgeadais) agus le forálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2002 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach⁽²⁾, ach i gcás ina n-íomíonn forálacha an Rialacháin seo go sonracha ó na rialacha sin.
- (18) De bharr an ghéarghá le déileáil leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus le riachtanais phráinneacha fuinnimh an Chomhphobail, tá forálacha mionsonraithe sa Rialachán seo cheana féin, lena n-áirítear liosta tionscadal cáilithe, maidir leis na socruithe i gcomhair cúnaimh airgeadais. De bhreis air sin, de bharr an ghéarghá leis an spreagadh, maidir leis na gealltanais dhlíthiúla lena gcuirfear na gealltanais bhuiséadacha a rinneadh sa bhliain 2009 agus sa bhliain 2010 chun feidhme, ba cheart iad a dhéanamh roimh dheireadh 2010.
- (19) Nuair a dhéanfar gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart go gcosnófaí leasanna airgeadais an Chomhphobail trí bhearta coiscitheacha i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a chur i bhfeidhm trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus trí shuimeanna a íocadh go míchuí a ghnóthú agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint⁽³⁾, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile⁽⁴⁾ agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)⁽⁵⁾.
- (20) Agus cineál na saincheisteanna atá sna fochláir á gcur san áireamh, ba cheart do choistí éagsúla cúnaimh a thabhairt don Choimisiún i ndáil le roghnú na dtograí a choinneárfar le haghaidh maoinithe agus chun méid an mhaoinithe a dheonófar faoi gach fochlár a chinneadh.
- (21) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún⁽⁶⁾.
- (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon cabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch laistigh den Chomhphobal, aghaidh a thabhairt ar éilimh na cinnteachta fuinnimh agus astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú trí chaiteachas a mhéadú in earnálacha straitéiseacha sainithe, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr raon feidhme an Rialacháin seo agus chineál na n-earnálacha agus na dtionscadal a roghnófar, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (23) De bharr an ghéarghá le déileáil leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus le riachtanais phráinneacha fuinnimh an Chomhphobail, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm díreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

RÉAMHFHORÁLACHA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear ionstraim maoinithe, dar teideal an Clár Fuinnimh Eorpach do Théarnamh (an CFET), chun tionscadail a fhorbairt sa Chomhphobal i réimse an fhuinnimh, ar tionscadail iad a rannchuideoidh, trí spreagadh airgeadais a sholáthar, leis an téarnamh eacnamaíoch, le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh agus le laghdú na n-astaíochtaí gáis ceaptha teasa.

Leis an Rialachán seo bunaítear fochláir chun na cuspóirí sin a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas:

- (a) bonneagair gáis agus leictreachais;
- (b) fuinneamh gaoithe amach ón gcósta; agus
- (c) gabháil agus stóráil carbóin.

Leis an Rialachán seo sainithnítear na tionscadail a bheidh le maoiniú faoi gach fochlár agus leagtar síos ann critéir chun na gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme na dtionscadal sin a shainiú agus a chur chun feidhme.

⁽¹⁾ IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 357, 31.12.2002, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 312, 23.12.1995, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

⁽⁵⁾ IO L 136, 31.5.1999, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

*Airteagal 2***Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “gabháil agus stóráil carbóin” dé-ocsaíd charbóin (CO₂) a ghabháil ó shuiteálacha tionsclaíocha, í a iompar go láithreán stórála agus í a instealladh i bhfoirmíocht oiriúnach gheolaíoch faoi thalamh chun críocha buanstórála;
- (b) tá an bhrí chéanna le “costais cháilithe” atá leis i Rialachán (CE, EURATOM) Uimh. 2342/2002;
- (c) ciallaíonn “bonneagair gáis agus leictreachais”:
- (i) na línte ardvoltais go léir, seachas na línte sin a bhaineann le gréasáin dáilte, agus naisc faoi thoinn, ar choinníoll go n-úsáidtear an bonneagar sin i ndáil le tarchur nó nasc idir-réigiúnach nó idirnáisiúnta;
- (ii) píblínte gáis ardbhrú, seachas na cinn sin a bhaineann le gréasáin dáilte;
- (iii) saoráidí stórála faoi thalamh atá nasctha leis na píblínte gáis ardbhrú dá dtagraítear i bpointe (ii);
- (iv) saoráidí glactha, stórála agus athghásaithe le haghaidh gáis nádúrtha leachtaithe (GNL); agus
- (v) aon trealamh nó aon suiteálacha atá riachtanach chun go n-oibreoidh an bonneagar dá dtagraítear i bpointí (i), (ii), (iii) nó (iv) i gceart, lena n-áirítear córais cosanta, faireacháin agus rialaithe;
- (d) ciallaíonn ‘cuid de thionscadal’ aon ghníomhaíocht atá neamhspleách ó thaobh airgeadais nó ar bhonn teicniúil nó thar thréimhse ama agus a rannchuidíonn le cur i gcrích an tionscadail;
- (e) ciallaíonn “céim na hinfheistíochta” an chéim sin de thionscadal ar lena linn a dhéantar an tógáil agus a thabhaítear costais chaipitiúla;
- (f) ciallaíonn “fuinneamh gaoithe amach ón gcósta” an chumhacht leictreach a ghintear ó innill tuirbín a thiomáintear leis an ngaoth agus atá suite san fharraige, cibé acu gar don chósta nó i bhfad amach ón gcósta;
- (g) ciallaíonn “céim na pleanála” an chéim sin de thionscadal a thagann roimh an gcéim infheistíochta agus ar lena linn a ullmhaítear cur chun feidhme an tionscadail lena n-áirítear, más iomchuí, measúnú féidearthachta, staidéir ullmhúcháin agus staidéir theicniúla agus ceadúnais agus údaruithe a fháil agus ar lena linn a thabhaítear costais chaipitiúla.

*Airteagal 3***An Buiséad**

1. Beidh EUR 3 980 000 000 san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme CFET sa bhliain 2009 agus sa bhliain 2010, agus leithdháilfear mar a leanas é:

- (a) tionscadail bhonneagair gáis agus leictreachais: EUR 2 365 000 000;
- (b) tionscadail fuinnimh gaoithe amach ón gcósta: EUR 565 000 000;
- (c) tionscadail ghabhála agus stórála carbóin: EUR 1 050 000 000.

2. Maidir leis na gealltanais dhlíthiúla aonair lena gcuirfear na gealltanais bhuiséadacha arna ndéanamh sa bhliain 2009 agus sa bhliain 2010 a chur chun feidhme, déanfar faoin 31 Nollaig 2010 iad.

CAIBIDIL II

FOCHLÁIR

ROINN 1

Tionscadail bhonneagair gáis agus leictreachais*Airteagal 4***Cuspóirí**

Déanfaidh an Comhphobal tionscadail bhonneagair gáis agus leictreachais is airde breisluach Comhphobail agus a rannchuideoidh leis na cuspóirí seo a leanas a chur chun cinn:

- (a) cinnteacht agus éagsúlú foinsí fuinnimh, bealaí agus soláthairtí;
- (b) an leas iomlán a bhaint as cumas an ghréasáin fuinnimh agus an margadh inmheánach fuinnimh a lánpháirtiú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcuid trasteorann;
- (c) an gréasán a fhorbairt chun comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú trí iargúlacht na réigiún is mídheisiúla nó na n-oileán is mídheisiúla de chuid an Chomhphobail a laghdú;
- (d) acmhainní fuinnimh in-athnuaite a nascadh agus a chomhtháthú; agus
- (e) sábháilteacht, iontaofacht agus idir-inoibritheacht na ngréasán fuinnimh idirnasctha, lena n-áirítear sreabhaidh iltreocha gáis a úsáid, más gá.

*Airteagal 5***Tosaíochtaí**

Fónfaidh CFET chun gréasáin fuinnimh a mbaineann tábhacht ar leith leo don Chomhphobal a oiriúnú agus a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'oibriú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus go háirithe chun cur leis an gcumas idirnáisc, le cinnteacht agus le héagsúlú an tsoláthair agus chun constaicí comhshaoil, teicniúla agus airgeadais a sháru. Tá tacaíocht speisialta Chomhphobail riachtanach chun gréasáin fuinnimh a fhorbairt ar dhóigh níos déine agus chun dlús a chur lena dtógáil, go háirithe i gcás leibhéal íseal éagsúlachta a bheith ann i dtaca le bealaí agus foinsí an tsoláthair.

*Airteagal 6***Cúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú**

1. Déanfar cúnamh airgeadais faoi CFET (cúnamh CFET) le haghaidh tionscadal bonneagair gáis agus leictreachais a dhámhadh ar ghníomhaíochtaí a dhéanfaidh na tionscadail, nó codanna de na tionscadail, i gCuid A den Iarscríbhinn a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad lena rannchuideofar leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 4.

2. Iarrfaidh an Coimisiún tograí chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a shainiú agus déanfaidh sé measúnú i dtaobh an gcomhlíonann na tograí sin na critéir cháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 7 agus na critéir roghnúcháin agus dámhachtana a leagtar síos in Airteagal 8.

3. Cuirfidh an Coimisiún na tairbhíthe ar an eolas faoi aon chúnamh CFET atá le deonú.

*Airteagal 7***Cáilitheacht**

1. Ní bheidh tograí cáilithe chun cúnamh CFET a fháil ach amháin i gcás ina gcuireann siad na tionscadail a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn chun feidhme, nach rachaidh siad thar an méid uasta de chúnamh CFET a leagtar síos ansin, agus go gcomhallann siad na critéir roghnúcháin agus dámhachtana faoi Airteagal 8.

2. Maidir le tograí a thíolacadh:

- (a) féadfaidh Ballstát amháin nó roinnt Ballstát, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, déanamh amhlaidh;
- (b) le comhaontú na mBallstát go léir a mbeidh baint dhíreach ag an tionscadal i dtrácht leo:
 - (i) féadfaidh gnóthas poiblí nó príobháideach amháin nó roinnt gnóthas poiblí nó príobháideach, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, déanamh amhlaidh;
 - (ii) féadfaidh eagraíocht idirnáisiúnta amháin nó roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, déanamh amhlaidh; nó
 - (iii) féadfaidh gnóthas comhpháirteach déanamh amhlaidh.

3. Ní bheidh tograí cáilithe más daoine nádúrtha a thíolacann iad.

*Airteagal 8***Critéir roghnúcháin agus dámhachtana**

1. Le linn don Choimisiún na tograí a gheofar faoin iarraidh ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a mheasúnú, cuirfidh sé na critéir roghnúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) fíontacht agus leordhóthanacht theicniúil an chur chuige;
 - (b) fíontacht an phacáiste airgeadais do chéim iomlán infheistíochta na gníomhaíochta.
2. Le linn don Choimisiún na tograí a gheofar faoin iarraidh ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a mheasúnú, cuirfidh sé na critéir dámhachtana seo a leanas i bhfeidhm:
- (a) aibíocht, arb é a sainmhíniú ná céim na hinfeistíochta a bheith bainte amach, agus caiteachas substaintiúil caipitiúil a thabhu faoi dheireadh 2010;
 - (b) a mhéid atá an easpa rochtana ar mhaoiniú ag moilliú chur chun feidhme na gníomhaíochta;
 - (c) a mhéid a spreagfaidh cúnamh CFET maoiniú poiblí agus maoiniú príobháideach;
 - (d) tionchair shocheacnamaíocha;
 - (e) tionchair chomhshaoil;
 - (f) an rannchuidiú i ndáil le leanúnachas agus le hidir-inoibritheacht an ghréasáin fuinnimh agus le leas iomlán a bhaint as acmhainn an ghréasáin;
 - (g) an rannchuidiú i ndáil le feabhsú cáilíochta, sábháilteachta agus cinnteachta;
 - (h) an rannchuidiú i ndáil le margadh fuinnimh a chruthú a bheidh comhtháite go maith.

*Airteagal 9***Coinníollacha maidir le maoiniú**

1. Rannchuideoidh cúnamh CFET le caiteachas ar chur chun feidhme an tionscadail, ar caiteachas é atá gaolmhar leis an tionscadal agus a thabhoíd na tairbhíthe nó tríú páirtithe atá freagrach as an tionscadal a chur chun feidhme.

2. Ní rachaidh cúnamh CFET thar 50 % de na costais cháilithe.

*Airteagal 10***Ionstraimí**

1. Tar éis na hiarrata ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 26(2), na tograí a roghnú a ndeonófar cúnamh CFET orthu agus an méid cúnamh CFET a dheonófar a chinneadh. Sonróidh an Coimisiún na coinníollacha agus na modhanna ar dá réir a chuirfear na tograí chun feidhme.

2. Deonófar cúnamh CFET ar bhonn chinntí an Choimisiúin.

*Airteagal 11***Freagrachtaí airgeadais na mBallstát**

1. Rachaidh na Ballstáit i mbun fhaireachán teicniúil agus rialú airgeadais na dtionscadal i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus deimhneoidh siad méid an chaiteachais arna thabú i leith tionscadal nó codanna de thionscadail agus comhréireacht an chaiteachais sin leis an Rialachán seo. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach i seiceálacha ar an láthair.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta arna nglacadh faoi mhír 1 agus, go háirithe, soláthróidh siad tuairisc ar na córais rialaithe, bainistithe agus faireacháin a bhunaítear chun a áirithiú go gcuirfear tionscadail i gcrích ar bhealach rathúil.

ROINN 2

Tionscadail fuinnimh gaoithe amach ón gcósta*Airteagal 12***Cúnamh CFET a dheonú**

1. Déanfar cúnamh CFET le haghaidh tionscadal fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a dhámhadh tar éis na hiarrata ar thograí a bheidh teoranta do na gníomhaíochtaí lena ndéanfar na tionscadail a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn a chur chun feidhme.

2. Iarrfaidh an Coimisiún tograí chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint agus déanfaidh sé measúnú i dtaobh an gcomhlíonann na tograí sin na critéir cháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 13 agus na critéir roghnúcháin agus dámhachtana a leagtar síos in Airteagal 14.

3. Cuirfidh an Coimisiún na tairbhíthe ar an eolas faoi aon cúnamh CFET a bheidh le deonú.

*Airteagal 13***Cáilitheacht**

1. Ní bheidh tograí cáilithe chun cúnamh CFET a fháil ach amháin i gcás ina gcuireann siad na tionscadail a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn chun feidhme, nach rachaidh siad thar na méideanna uasta de chúnamh CFET a leagtar síos ansin, agus go gcomhallann siad na critéir roghnúcháin agus dámhachtana faoi Airteagal 14. Treoróidh gnóthas tráchtála na tionscadail sin.

2. Féadfaidh gnóthas amháin nó roinnt gnóthas, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, tograí a thíolacadh.

3. Ní bheidh tograí cáilithe más daoine nádúrtha a thíolacann iad.

*Airteagal 14***Critéir roghnúcháin agus dámhachtana**

1. Le linn don Choimisiún na tograí a gheofar faoin iarraidh ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 12(1) a mheasúnú, cuirfidh sé na critéir roghnúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) fíontacht agus leordhóthanacht theicniúil an chur chuige;
- (b) fíontacht an phacáiste airgeadais do chéim iomlán infheistíochta an tionscadail.

2. Le linn don Choimisiún na tograí a gheofar faoin iarraidh ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 12(1) a mheasúnú, cuirfidh sé na critéir dámhachtana seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) aibíocht, arb é a sainmhíniú ná céim na hinfheistíochta a bheith bainte amach, agus caiteachas substaintiúil caipitiúil a thabú faoi dheireadh 2010;
- (b) a mhéid atá an easpa rochtana ar mhaoiniú ag moilliú chur chun feidhme na gníomhaíochta;
- (c) a mhéid a fheabhsaíonn nó a mhéadaíonn an tionscadal scála na suiteálacha agus na mbonneagar atá á dtógáil cheana féin, nó atá ag céim na pleanála;
- (d) a mhéid a áirítear sa tionscadal tógáil suiteálacha agus bonneagar lánmhéide ar scála tionsclaíoch, agus a mhéid a dhéileáiltear leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- (i) inathraitheacht leictreachais gaoithe a chothromú trí chórais comhtháthaithe;
- (ii) córais stórála ar mhórskála a bheith ann;
- (iii) feirmeacha gaoithe a bhainistiú mar ghléasraí fíorúla cumhachta (níos mó ná 1 GW)

- (iv) tuirbíní á gcur níos faide amach ón gcósta nó in uisce níos doimhne (20 m go 50 m) ná mar a dhéantar de ghnáth faoi láthair;

- (v) nuadhearadh le haghaidh fo-struchtúr; nó
- (vi) na próisis a ghabhann le cóimeáil, suiteáil, oibriú agus díchoimisiúin, agus tástáil na bpróiséas sin i dtionscadail a bheidh ar fhíorscála;
- (e) gnéithe nuálacha an tionscadail agus a mhéid a léireoidh sé cur chun feidhme na ngnéithe sin;
- (f) tionchar an tionscadail agus a mhéid a rannchuideoidh sé leis an gcóras eangaí gaoithe amach ón gcósta atá ag an gComhphobal, lena n-áirítear a chumas maidir le macasamhlú;
- (g) an tiomantas a léiríonn na tairbhíthe maidir le torthaí dul chun cinn teicneolaíochta an tionscadail a scaipeadh ar bhealach atá i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus go háirithe leis na cuspóirí agus na struchtúir arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh.

Airteagal 15

Coinníollacha maidir le maoiniú

1. Rannchuideoidh cúnamh CFET le caiteachas ar chur chun feidhme an tionscadail, ar caiteachas é atá gaolmhar leis an tionscadal.
2. Ní rachaidh cúnamh CFET thar 50 % de na costais cháilithe.

Airteagal 16

Ionstraimí

1. Tar éis na hiarrata ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 12(1), déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 26(2), na tograí a gheobhaidh cúnamh CFET a roghnú agus méid an mhaoinithe a dheonófar a chinneadh. Sonróidh an Coimisiún na coinníollacha agus na modhanna ar dá réir a dhéanfar na tograí a chur chun feidhme.
2. Deonófar cúnamh CFET ar bhonn comhaontuithe maidir le deonú.

ROINN 3

Tionscadail ghabhála agus stórála carbóin

Airteagal 17

Cúnamh CFET a dheonú

1. Déanfar cúnamh CFET le haghaidh tionscadal gabhála agus stórála carbóin a dhámhadh ar ghníomhaíochtaí lena gcuirfear na tionscadail a liostaítear i gCuid C den Iarscríbhinn chun feidhme.

2. Iarrfaidh an Coimisiún tograí chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a shainaitheint agus déanfaidh sé measúnú i dtaobh an gcomhlíonann na tograí na critéir cháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 18 agus na critéir roghnúcháin agus dámhachtana a leagtar síos in Airteagal 19.

3. Má chomhlíonann roinnt tograí ó thionscadail atá suite sa Bhallstát céanna na critéir cháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 18 agus na critéir roghnúcháin a leagtar síos in Airteagal 19(1), déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na gcritéir dámhachtana a leagtar síos in Airteagal 19(2), líon nach mó ná tograí amháin in aghaidh an Bhallstáit a roghnú as measc na dtograí sin le haghaidh chúnamh CFET.

4. Cuirfidh an Coimisiún na tairbhíthe ar an eolas faoi aon chúnamh CFET a bheidh le deonú.

Airteagal 18

Cáilitheacht

1. Ní bheidh tograí cáilithe chun cúnamh CFET a fháil ach amháin i gcás ina gcuireann siad na tionscadail atá liostaithe i gCuid C den Iarscríbhinn chun feidhme agus go gcomhallann siad na critéir roghnúcháin agus dámhachtana faoi Airteagal 19 agus na coinníollacha seo a leanas:

(a) léiríonn na tionscadail go bhfuil ar a gcumas 80 % ar a laghad den CO₂ i suiteálacha tionsclaíoch a ghabháil agus iompar an CO₂ sin agus stóráil gheolaíoch an CO₂ sin faoin talamh a dhéanamh go sábháilte;

(b) i suiteálacha cumhachta, léirítear gabháil an CO₂ ar shuiteáil ag a bhfuil aschur 250 MW ar a laghad nó a choibhéis;

(c) déanann tionscnóirí na dtionscadal dearbhú ceangailteach go ndéanfar an fhaisnéis chineálach a ghintear ón ngléasra taispeána a chur ar fáil don earnáil tionscail i gcoitinne agus don Choimisiún mar rannchuidiú leis an bPlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh.

2. Déanfaidh gnóthas amháin nó roinnt gnóthas, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, tograí a thíolacadh.

3. Ní bheidh tograí cáilithe más daoine nádúrtha a thíolacann iad.

Airteagal 19

Critéir roghnúcháin agus dámhachtana

1. Le linn don Choimisiún na tograí a gheofar faoin iarraidh ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 17(2) a mheasúnú, cuirfidh sé na critéir roghnúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

(a) fíontacht agus leordhóthanacht theicniúil an chur chuige;

- (b) aibíocht, arb é a sainmhíniú ná céim na hinfheistíochta a bheith bainte amach, lena n-áirítear na roghanna stórála a fhiosrú agus a fhorbairt, agus caiteachas substaintiúil atá gaolmhar le hinfheistíocht a thabú ar an tionscadal faoi dheireadh 2010;
- (c) fíontacht an phacáiste airgeadais do chéim iomlán infheistíochta an tionscadail;
- (d) na ceadanna go léir is gá le haghaidh thógáil agus oibriú an tionscadail ag an láithreán beartaithe nó ag na láithreáin bheartaithe a shainaithint, agus straitéis a bheith ann chun na ceadanna sin a fháil.
2. Le linn don Choimisiún na tograí a gheofar faoin iarraidh ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 17(2) a mheasúnú, cuirfidh sé na critéir dámhachtana seo a leanas i bhfeidhm:
- (a) a mhéid atá an easpa rochtana ar mhaoiniú ag moilliú chur chun feidhme na gníomhaíochta;
- (b) an maoiniú in aghaidh gach tona CO₂ a iarradh le laghdú le linn na gcéad chúig bliana den tionscadal;
- (c) castacht an tionscadail agus an leibhéal nuálaíochta a bhaineann leis an tsuiteáil fhoriomlán lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde eile a ghabhann leis mar aon leis an tiomantas a léirigh na tairbhíthe maidir le torthaí dul chun cinn teicneolaíochta an tionscadail a scaipeadh i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus go háirithe leis na cuspóirí agus na struchtúir arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh;
- (d) fíontacht agus leordhóthanacht an phlean bainistíochta lena n-áirítear, i dtaca leis an bhfaisnéis agus na sonraí eolaíochta, innealtóireachta agus teicniúlachta atá ann, tuairisc ar ullmhacht an choincheapa bheartaithe chun an tionscadal a chur i gcrích faoin 31 Nollaig 2015.

Airteagal 20

Coinníollacha maidir le maoiniú

1. Ní rannchuideoidh cúnaimh CFET ach amháin leis an gcaiteachas ar chur chun feidhme an tionscadail ar caiteachas é atá gaolmhar leis an tionscadal agus atá inchurtha i leith ghabháil an charbóin, agus iompar agus stóráil, agus na tairbhí oibriúcháin a d'fhéadfadh bheith ann á gcur san áireamh.
2. Ní rachaidh cúnaimh CFET thar 80 % de na costais iomlána cháilithe infheistíochta.

Airteagal 21

Ionstraimí

1. Tar éis na hiarrata ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 17(2), déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis

an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 26(2), na tograí a gheobhaidh cúnaimh CFET orthu a roghnú agus an méid de chúnaimh CFET a dheonófar a chinneadh. Sonróidh an Coimisiún na coinníollacha agus na modhanna ar dá réir a dhéanfar na tograí a chur chun feidhme.

2. Deonófar cúnaimh CFET ar bhonn comhaontuithe maidir le deonú.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 22

Cúnaimh agus ionstraimí eile CFET

1. Féadfar cuid de chúnaimh an Chomhphobail le haghaidh na dtionscadal a liostaítear san Iarscríbhinn a chur chun feidhme trí ranníocaíocht le hionstraim iomchuí faoi acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Ní rachaidh an ranníocaíocht sin thar EUR 500 000 000.
2. Beidh dliteanas an Chomhphobail i leith na hionstraime ráthaíochta iasachta nó i leith ionstraime maoinithe eile, lena n-áirítear táillí bainistíochta agus costais cháilithe eile, teoranta do mhéid ranníocaíochta an Chomhphobail leis an ionstraim sin agus ní bheidh aon dliteanas eile ann do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.
3. Déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 26(2), an méid de chúnaimh CFET a bheidh le deonú ar an ionstraim sin a chinneadh. Déanfaidh an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta meabhrán tuisceana a thabhairt chun críche lena sonrófar na coinníollacha agus na modhanna a bhaineann le cur chun feidhme an chinnidh sin.

Airteagal 23

Socruithe cláraithe agus cur chun feidhme

1. Seolfar na hiarrataí ar thograí go díreach ón gCoimisiún ar bhonn na hinfhaighteachta buiséid dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus na gcrítear cáilitheachta, roghnúcháin agus dámhachtana a leagtar amach i gCaibidil II.
2. Ní chumhdóidh cúnaimh CFET ach an caiteachas sin a bhaineann le tionscadail agus a thabhaigh na tairbhíthe agus freisin, maidir le tionscadail faoi Airteagal 9, a thabhaigh tríú páirtithe a bhí freagrach as tionscadal a chur chun feidhme. Beidh caiteachas cáilithe amháin ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 29.
3. Ní bheidh CBL, seachas CBL neamh-inaisíochta, ina chostas cáilithe.

4. Déanfar na tionscadail agus na gníomhaíochtaí a mhaoineofar faoin Rialachán seo a chur i gcrích i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus cuirfear aon bheartais ábhartha de chuid an Chomhphobail san áireamh iontu, go háirithe na beartais sin a bhaineann le hiomaíocht, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme a bhaineann le státchabhair, agus le cosaint an chomhshaoil, le sláinte, le forbairt inbhuanaithe agus le soláthar poiblí.

Airteagal 24

Freagrachtaí ginearálta na mBallstát

Laistigh de réimse a bhfreagrachta, déanfaidh na Ballstáit gach iarracht chun na tionscadail a fhaigheann cúnamh CFET a chur chun feidhme, go háirithe trí nósanna imeachta éifeachtúla a bheith ann maidir le riarachán, údarúchán, ceadúnúchán agus deimhniúchán.

Airteagal 25

Leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint

1. Nuair a dhéanfar gníomhaíochtaí a mhaoineofar faoin Rialachán seo a chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar leasanna airgeadais an Chomhphobail trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe, agus aon gníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus trí shuimeanna a íocadh go míchuí a ghnóthú, agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí phionóis éifeachtacha comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, agus le Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

2. Maidir leis na bearta Comhphobail a mhaoineofar faoin Rialachán seo, ciallaíonn coincheap na neamhrialtachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 aon sárú ar fhoráil den dlí Comhphobail nó aon sárú ar oibleagáid chonarthach arb é is cúis leis ná gníomh nó neamhghníomh de chuid oibreora eacnamaíoch, a bhfuil sé d'éifeacht leis nó a mbeadh sé d'éifeacht aige, de bharr ítime caiteachais gan údar, ná dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpach nó do bhuiséid arna mbainistiú aige.

3. Maidir leis na bearta cur chun feidhme go léir a dhéanfar de thoradh an Rialacháin seo, forálfar leo, go háirithe, go ndéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh an Coimisiún, maoirseacht agus rialú airgeadais agus go ndéanfaidh an Chúirt Iniúchóirí Eorpach, lena n-áirítear iniúchtaí ar an láthair, más gá, ina leith.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 26

Coistí

1. Tabharfaidh na coistí seo a leanas cúnamh don Choimisiún:

(a) i gcás tionscadal bonneagair gáis agus leictreachais, an coiste arna bhunú le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) 680/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair agus fuinnimh ⁽¹⁾;

(b) i gcás tionscadal gaoithe amach ón gcósta, an coiste arna bhunú le hAirteagal 8 de Chinneadh 2006/971/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gComhar Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Creat-Chlár an Chomhphobail ar thaighde, ar fhorbairt theicneolaíochta agus ar gníomhaíochtaí taispeána (2007 go 2013) ⁽²⁾;

(c) i gcás tionscadal gabhála agus stórála carbóin, an coiste arna bhunú le hAirteagal 8 de Chinneadh 2006/971/CE;

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Aon mhí amháin a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 4(3) de Chinneadh 1999/468/CE.

Airteagal 27

Meastóireacht

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar CFET faoin 31 Nollaig 2011 chun a mhéid a rannchuidíonn sé le húsáid éifeachtach na leithreasáí a mheasúnú.

2. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát ar tairbhí é meastóireacht shonrach a sholáthar ar thionscadail arna maoiniú faoi Roinn I de Chaibidil II, den Rialachán seo nó, más iomchuí, an fhaisnéis agus an cúnamh is gá a sholáthar dó le go ndéanfaidh sé meastóireacht ar na tionscadail sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ar na torthaí atá bainte amach ag CFET a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiúin.

Airteagal 28

Faisnéis a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Gach bliain, nuair a thíolacann sé an réamhdhréachtbhuiséad, tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme CFET.

⁽¹⁾ IO L 162, 22.6.2007, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 400, 30.12.2006, lch. 86.

Má dhéantar rioscaí móra maidir le cur chun feidhme na dtionscadal tosaíochta a shainaitheint sa tuarascáil, molfaidh an Coimisiún bearta mar fhritháireamh ar na rioscaí sin, agus déanfaidh sé tograí breise i gcomhair tionscadal, más iomchuí sin agus má tá sé i gcomhréir leis an bPlean don Téarnamh.

Airteagal 29

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Júil 2009.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

E. ERLANDSSON

IARSCRÍBHINN

TIONSCADAIL CHÁILITHE

A. Tionscadail bhonneagair Gáis agus Leictreachais

1. *Idirascairí gáis*

Tionscadal	Suíomh na dtionscadal lena dtacaítear	An ranníocaíocht Chomhphobail atá beartaithe (EUR milliún)
Conair Gáis an Deiscirt NABUCCO	An Ostair, an Ungáir, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Rómáin.	200
ITGI-Poseidon	an Iodáil, an Ghréig	100
An tIdirnas Baltach Skanel/Píopa Baltach	An Pholainn, an Danmhairg, an tSualainn	150
An Gréasán GNL Críochfort Gáis Nadúrtha Leachtaithe ar chósta na Polainne, i gcalafort Świnoujście	An Pholainn	80
Lár agus Oirdheisceart na hEorpa		
An t-idirnascaire idir an tSlóvaic agus an Ungáir (Velký Krtíš – Vecsés)	An tSlóvaic, an Ungáir	30
Córas tarchurtha gáis sa tSlóivéin ó Theorainn na hOstaire go Ljubljana (seachas an chuid sin idir Rogatec agus Kidričevo)	An tSlóivéin	40
An t-idirnascaire idir an Bhulgáir agus an Ghréig (Stara Zagora - Dimitrograd-Komotini)	An Bhulgáir, an Ghréig	45
An t-idirnascaire idir an Rómáin agus an Ungáir	An Rómáin, an Ungáir	30
An Cumas Stórála Gáis sa mhol Seiceach a mhéadú	Poblacht na Seice	35
Bonneagar agus trealamh chun ais-sreabhadh gáis a cheadú i gcás an soláthar a bheith briste ar feadh seala	An Ostair, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic	80
An t-idirnascaire idir an tSlóvaic agus an Pholainn	An tSlóvaic, an Pholainn	20
An t-idirnascaire idir an Ungáir agus an Chróit	An Ungáir	20
An t-idirnascaire idir an Bhulgáir agus an Rómáin	An Bhulgáir, an Rómáin	10
An Mheánmhuir		
Gréasán gáis na Fraince a neartú ar ais na hAfrainc–na Spáinne–na Fraince.	An Fhrainc	200
GALSI (Gazoduc Algérie-Italie)	An Iodáil	120
Brainse Larrau d'Idirnascaire Ais an Iarthair	An Spáinn	45
Limistéar na Mara Thuaidh		
Píblíne idir an Ghearmáin, an Bheilg agus an Ríocht Aontaithe	An Bheilg	35
An nasc idir an Fhrainc agus an Bheilg	An Fhrainc, an Bheilg	200
IOMLÁN		1 440

2. *Idirascáir leictreachais*

Tionscadal	Suíomh na dtionscadal lena dtacaítear	An ranníocaíocht Chomhphobail atá beartaithe (EUR milliún)
An t-idirasc Baltach		
Estlink-2	An Eastóin, an Fhionlainn	100
An t-idirasc idir an tSualainn agus na Stáit Bhaltacha agus an eangach sna Stáit Bhaltacha a neartú.	An tSualainn, an Laitvia, an Liotuáin	175
Lár agus Oirdheisceart na hEorpa		
Halle/Saale-Schweinfurt	An Ghearmáin	100
Wien-Győr	An Ostair, an Ungáir	20
An Mheánmhuir		
An t-idirasc idir an Phortaingéil agus an Spáinn a neartú	An Phortaingéil	50
An t-idirasc idir an Fhrainc agus an Spáinn (Baixas-Sta Llogaia)	An Fhrainc, an Spáinn	225
Cábla nua fomhuirí srutha ailtéarnaigh 380 kV idir an tSicil agus mórtáir na hIodáile (Sorgente-Rizziconi)	An Iodáil	110
Limistéar na Mara Thuaidh		
Idirnascaire 500 MW idir Éire agus an Bhreatain Bheag (An Mhí-Deeside)	Éire, an Ríocht Aontaithe	110
Idirasc leictreachais idir Málta agus an Iodáil	Málta/an Iodáil	20
IOMLÁN		910

3. *Tionscadail ar oileáin bheaga*

Tionscadail ar oileáin bheaga iargúlta	An Chipir	10
	Málta	5
IOMLÁN		15

B. **Tionscadail ghaoithe amach ón gcósta**

Tionscadal	Cumas	Suíomh na dtionscadal lena dtacaítear	An ranníocaíocht Chomhphobail atá beartaithe (EUR milliún)
1. Comhtháthú eangai fuinnimh gaoithe amach ón gcósta			
1.1. Baltic - Kriegers Flak I, II, III Tionscadail atá idir lámha a fhorbairt. Maoiniú arb é is aidhm leis costas breise a áirithiú i ndáil le réiteach comh-idirnaisc a fháil.	1,5 GW	An Danmhairg, an tSualainn, an Ghearmáin, an Pholainn	150
1.2. Eangach na Mara Thuaidh Eangach amach ón gcósta a fhorbairt ar bhonn modúlach; gléasra fíorúil cumhachta amach ón gcósta a thaispeáint agus comhtháthú sa chóras eangai atá ann cheana féin ar tír mór.	1 GW	An Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an Ghearmáin, Éire, an Danmhairg, an Bheilg, an Fhrainc, Lucsamburg	165

Tionscadal	Cumas	Suíomh na dtionscadal lena dtacaítear	An ranníocaíocht Chomhphobail atá beartaithe (EUR milliún)
2. Tuirbíní nua, struchtúir nua agus comhpháirteanna nua, leas iomlán a bhaint as cumas monarúcháin			
2.1. Borkum West II – Bard 1 -Nordsee Ost – Global Tech I Glúin nua tuirbíní de mhéid il-mheigeavata (5-7 MW) agus struchtúir nuálacha, agus iad suite i bhfad amach ón gcósta (suas go 100 km) in uiscí níos doimhne (suas go 40m).	1,6 GW	An Ghearmáin	200
2.2. Feirm ghaoithe amach ón gcósta, Obar Dheathain (Ionad tástála Eorpach) Tionscadal atá idir lámha faoi láthair a fhorbairt; tuirbíní il-MW a thástáil. Struchtúir agus fo-struchtúir nuálacha a fhorbairt, lena n-áirítear leas iomlán a bhaint as cumas monarúcháin an trealaimh sin amach ón gcósta sin lena dtáirgtear fuinneamh gaoithe. Is féidir a bheith ag súil le méadú 100 MW.	0,25 GW	An Ríocht Aontaithe	40
2.3. Thornton Bank Tionscadal atá idir lámha faoi láthair a fhorbairt. Ceacht a fhoghlaim as Tionscadal Downvind (arna chómhaoiniú FP 6). Scála thuirbíní shuiteálacha Downvind a mhéadú (5 MW) in uiscí doimhne (suas go 30 m) gan tionchar mór amhairc a bheith aige sin (suas go 30 km).	90 MW	An Bheilg	10
IOMLÁN			565

C. Tionscadail ghabhála agus stórála carbóin

Ainm an Tionscadail/Suímh		An ranníocaíocht Chomhphobail atá beartaithe (EUR milliún)	Breosla	Cumas	Teicníocht ghabhála	Coincheap stórála
Huerth	An Ghearmáin	180	Gual	450 MW	Comh-thimthriall comh-tháite gásúcháin	Uiscíoch Salanda
Jaenschwalde			Gual	500 MW	Ocsaibhreasla	Olacheantair/ Gáscheantair
Eemshaven	An Ísiltír	180	Gual	1 200 MW	Comh-thimthriall comh-tháite gásúcháin	Olacheantair/ Gáscheantair
Rotterdam			Gual	1 080 MW	Gual púdair	Olacheantair/ Gáscheantair
Rotterdam			Gual	800 MW	Gual púdair	Olacheantair/ Gáscheantair
Belchatów	An Pholainn	180	Gual	858 MW	Gual púdair	Uiscíoch Salanda
Compostilla (León)	An Spáinn	180	Gual	500 MW	Ocsaibhreasla	Uiscíoch Salanda
Kingsnorth	An Ríocht Aontaithe	180	Gual	800 MW	Gual púdair	Olacheantair/ Gáscheantair
Longannet			Gual	3 390 MW	Gual púdair	Uiscíoch Salanda
Tilbury			Gual	1 600 MW	Gual púdair	Olacheantair/ Gáscheantair
Hatfield (Yorkshire)			Gual	900 MW	Comh-thimthriall comh-tháite gásúcháin	Olacheantair/ Gáscheantair

Ainm an Tionscadail/Suímh		An ranní- caíocht Chomhphobail atá beartaithe (EUR milliún)	Breosla	Cumas	Teicníocht ghabhála	Coincheap stórála
Porto Tolle	An Iodáil	100	Gual	660 MW	Gual púdair	
Tionscadal gábhála carbóin thionsclaíoch						
Florange	An Fhrainc	50	CO ₂ a iompar ó shuiteáil thionsclaíoch (gléasra cruach) chuig stóráil faoi thalamh (uiscíoch salanda)			
IOMLÁN		1 050				

DEARBHÚ ON gCOIMISIÚN

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur eochairthosaíochtaí iad an éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí inathnuaite fuinnimh i mbeartas fuinnimh an AE, ar chúiseanna a bhaineann leis an gcomhshaol agus ar chúiseanna a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair. Sa mhéid seo, rannchuideoidh an Rialachán leis na tosaíochtaí sin trí thacaíocht mhór a thabhairt do thionscadail gaoithe amach ón gcósta.

Meabhraíonn an Coimisiún sa chomhthéacs seo na tionscnaimh éagsúla nua eile a thacaíonn leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus le foinsí inathnuaite fuinnimh a mholann an Coimisiún, agus ar thug sé moladh go háirithe dó sa Phlean Eorpach don Téarnamh, a d'fhormhuinigh Comhairle Eorpach Nollaig 2008. Áirítear leo sin:

Modhnú ar an Rialachán CFRE chun infheistíochtaí suas go dtí EUR 8 billiún a cheadú in éifeacht fuinnimh agus i bhfuinnimh inathnuaite sa tithíocht sna Ballstáit uile.

Comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí do thionscnamh Eorpach na bhfoirgneamh atá éifeachtúil ar fhuinnimh chun teicneolaíochtaí glasa agus forbairt córas agus ábhar a bheadh éifeachtúil ar fhuinnimh i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh athchóirithe a chur chun cinn. EUR 1 billiún an t-imchlúdach measta a bheidh ann don ghníomhaíocht seo: EUR 500 milliún ón mbuiséad EC FP7 atá ann cheana féin idir 2010 agus 2013 agus EUR 500 milliún ón tionscal.

Tionscnamh CE-BEI 'Tionscnamh Maoinithe an AE don Fhuinneamh Inbhuanaithe'. Is é an aidhm atá aige infheistíochtaí a chumasú do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus do thionscadail fuinnimh inathnuaite i suímh uirbeacha. Déanann an Coimisiún maoiniú ar shaoráid um chúnamh teicniúil ón gClár Eorpach um Stuaamacht Fuinnimh (leithdháileadh bliantúil 15 M EUR do 2009). Leis an tsaoaráid seo, a bheidh á bainistiú ag BEI, éascófar an rochtain ar iasachtaí ón BEI leis na héifeachtaí suntasacha gearála a bheidh aici.

Cruthóidh infheisteoirí institiúideacha AE - faoi stiúir BEI - ciste cothromais margadh-dhírithé, dá ngairfear Marguerite: Ciste Eorpach 2020 don Fhuinneamh, don Athrú Aeráide agus don Bhonneagar. Dhéanfaí infheistiú ón gCiste seo i réimsí an fhuinnimh agus an athraithe aeráide (TEN-E, fuinneamh inbhuanaithe, fuinneamh inathnuaite, teicneolaíochtaí, infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, cinnteacht an tsoláthair, chomh maith leis an mbonneagar comhshaoil). Tacaíonn an Coimisiún leis an tionscnamh seo.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún i láthair roimh dheireadh mhí na Samhna 2009 an t-athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta um éifeachtúlacht fuinnimh a d'iarr an Chomhairle (Conclúidí Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta 2009) agus an Pharlaimint (Rún PE P6_TA (2009)0064) uirthi a dhéanamh.

Aontaíonn na saineolaithe gurb í an éifeachtúlacht fuinnimh an rogha is saoire atá ar fáil le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú. Faoi mhí na Samhna 2009, cuirfidh an Coimisiún anailís mhionsonraithe ar fáil ar na constaicí atá roimh infheistíochtaí breise san éifeachtúlacht fuinnimh. Féachfaidh sé go háirithe an bhfuil gá le dreasachtaí breise airgeadais i bhfoirm iasachtaí ar ús íseal agus/nó le deontais, féachfaidh sé an chaoi a bhféadfaí an buiséad Eorpach a úsáid chuige seo, agus, más iomchuí, áireoidh an Coimisiún, inter alia, cistí breise do mhaoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh san Ionstraim nua AE don Chinnteacht Fuinnimh agus don Bhonneagar Fuinnimh, atá le tíolacadh in 2010.

Nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an bplean gníomhaíochta um éifeachtúlacht fuinnimh, tabharfaidh sé aird faoi leith ar ghné na comharsanachta den éifeachtúlacht fuinnimh. Déanfaidh sé anailís ar an gcaoi a bhféadfaidh sé dreasachtaí airgeadais agus rialúcháin a thabhairt do thíortha comharsanacha chun dlús a chur lena n-infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh.

Má aimsíonn an Coimisiún, agus tuairisciú á dhéanamh aige sa bhliain 2010 maidir le cur chun feidhme an Rialacháin faoina Airteagal 28, nach bhféadfaí a chur in áirithé, faoi dheireadh 2010, cuid de na cistí dá bhforáiltear le haghaidh na dtionscadal a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán, molfaidh an Coimisiún, más iomchuí agus i slí a bheadh cothrom ó thaobh na tíreolaíochta de, leasú a dhéanamh ar an Rialachán lena gceadófar maoiniú na dtionscadal i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus na bhfoinsí fuinnimh inathnuaite, de bhreis ar na tionscnaimh thuas, lena n-áirítear critéir cáilitheachta a bheadh cosúil leis na critéir a bhaineann leis na tionscadail san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Ráiteas ón bPortaingéil

Vótálfaidh an Phortaingéil ar son an togra, cé go measann sí gur cheart, in athbhreithniú ar an gclár faoi Airteagal 28, féachaint le tionscadail maidir le fuinneamh in-athnuaite agus maidir le héifeachtacht fuinnimh a áireamh, go háirithe i dtaca le greillí cliste agus le méadair chliste, d'fhonn cuidiú leis na cuspóirí atá in Airteagal 4(a) agus (b) den Rialachán a bhaint amach.

CEARTÚCHÁN

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/416/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 188 an 18 Iúil 2009)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Eagrán Speisialta Gaeilge)

Ar leathanach 9, Airteagal 18, an dara mír, an chéad abairt

in ionad: “Beidh feidhm aige ón 7 Lúnasa 2009.”.

léitear: “Beidh feidhm aige ón 31 Nollag 2012.”.

COSTAS SÍNTIÚIS 2009 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 000 sa bhliain (*)
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 100 sa mhí (*)
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 700 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 70 sa mhí
Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 400 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 40 sa mhí
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 500 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 360 sa bhliain (=EUR 30 sa mhí)
Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

(*) Á díol de réir uimhreach: suas go 32 leathanach: EUR 6
 ó 33 go 64 leathanach: EUR 12
 níos mó ná 64 leathanach: Praghas socraithe i ngach cás.

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlónadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Tá na foilseacháin a eisíonn an Oifig Foilseachán, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>